Amortisation in line with asset depreciation	(342,954)	(358,351)
Loss on disposal of Fixed Assets	(15,164)	-
	(304,659)	(279,456)
At 31 December (Note 11)	507,156	811,815

11. Property, Plant and Equipment

	IT Equipment	Equipment	Furniture	Exhibitions Operating or in course of Construction	Total
	€	€	€	€	€
Cost					
At 1 January	957,744	1,243,163	910,802	1,496,015	4,607,724
Additions	33,007	20,452	-	-	53,459
Disposals	-	(258,340)	(101,302)	-	(359,642)
At 31 December	990,751	1,005,275	809,500	1,496,015	4,301,541
Depreciation					
At 1 January	914,665	1,118,278	810,957	952,009	3,795,909
Disposals	-	(258,340)	(86,138)	-	(344,478)
Charge for the year	18,921	38,632	13,398	272,003	342,954
At 31 December	933,586	898,570	738,217	1,224,012	3,794,385
Net Book Value					
At 1 January	43,079	124,885	99,845	544,006	811,815
Net movement for the year	14,086	(18,180)	(28,562)	(272,003)	(304,659)
At 31 December	57,165	106,705	71,283	272,003	507,156

(a) General Information Note

Cost or valuation at the beginning and end of the year include assets acquired for less than €10,000 prior to 1st January 2022.

(b) Exhibitions Operating or in the Course of Construction

The balance of exhibitions operating or in the course of construction as at 31st of December 2022 relates to the Seamus Heaney exhibition that launched on 4th July 2018. This is a collaborative project between the NLI, the Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media and Bank of Ireland. The exhibition is in the Bank of Ireland Cultural and Heritage Centre on College Green and it is to operate until December 2023. The expected book value of these items will be €nil at the conclusion of the exhibition. The exhibition has a finite life and related assets are depreciated over their estimated useful lives or over the useful life of the exhibition, whichever is shorter.

12. Heritage Assets

(a) General Information

In accordance with the National Cultural Institutions Act, 1997 all Library Collections are the property of the State and are managed by the Board of the Library.

- ◆ The principal functions of the Board of the Library are to conserve, restore, maintain and enlarge the library material in the collection of the Library for the benefit of the public; to establish and maintain a record of library material (including material relating to the Irish language) in relation to Ireland; and to contribute to the provision of access by members of the public to material relating to other countries.
- ◆ The Board of the National Library of Ireland has the power to enlarge the collections of the Library.
- ◆ The Board of the National Library of Ireland also has the power to lend materials, subject to the provisions of Section 18 (1) of the National Cultural Institutions Act, 1997.
- ◆ The Board of the National Library of Ireland also has the power to dispose of library materials subject to the provisions of Section 18 (2) of the National Cultural Institutions Act, 1997.
- ◆ All acquisitions for the collection purchased in excess of €5,000 are funded from the Library's capital funding allocation for the year while acquisitions which cost less than €5,000 are funded from the current funding allocation.

(b) Nature and Scale of the Collection

The National Library's holdings constitute the most comprehensive collection of Irish documentary material in the world and offer an invaluable representation of Ireland's history and heritage.

The National Library's management structure reflects three broad strands of collecting focus, each the responsibility of a Keeper or Head of Division, as follows:

- Special Collections
- Published Collections
- Digital Collections.

Special Collections

Special Collections comprises rare and unique material such as manuscripts, photographs, prints, drawings, ephemera, rare and antiquarian books, manuscripts, maps and music. It includes many millions of items with, for example, over 4.5 million items in the photographic collections and over one million items in the manuscript collection.

Published Collections

Published Collections comprises modern and new books, newspapers and periodicals. One of the main collections within Published Collections is the Legal Deposit Collection which includes all material – books, newspapers and journals published in Ireland – acquired under the Legal Deposit provisions of the Copyright and Related Rights Act 2000 (as amended).

Digital Collections

Digital Collections comprises digital objects created by the National Library as a result of the digitisation of material from Special Collections and Published Collections (new assets) as well as the items described as “Born Digital”, such as websites that have never existed except in digital format.

(c) Acquisition

The Board of the National Library has the power to enlarge the collections of the National Library and material is acquired in three ways: by legal deposit, donation, and purchase.

Legal Deposit

Legal deposit is a statutory provision which obliges publishers to deposit copies of their publications in certain libraries, usually in the country in which they are published. In the Republic of Ireland statutory provision for legal deposit is set out in the Copyright and Related Rights Act 2000 (as amended).

Donation

Each year the National Library receives important donations to the collections. Donations are subject to appraisal in line with the criteria set out the National Library's Collection Development Policy.

In certain instances - as provided for under section 1003 of the Taxes Consolidation Act 1997 - donors may be allowed tax relief for donations of heritage items to the National Library. This relief may apply to gifts or “heritage items” such as archives, books, estate records, manuscripts and prints where the total value of the items donated exceeds €150,000.

Purchase

The National Library's acquisitions budget is used to further develop the National Library's collections, whether by direct purchase or by auction. Decisions to purchase antiquarian material and unique heritage items are made in accordance with the criteria set out in the National Library's Collection Development Policy. Current and new publications of Irish interest, not acquired under legal deposit, are purchased as a matter of course.

(d) Preservation and Conservation

The Conservation Department works to preserve and conserve the collections of the National Library of Ireland. In general, preservation measures do not improve the condition of an object, but slow down degradation and prevent damage by passive methods. By contrast, conservation aims to prolong the life and accessibility of collections through interventive treatments, which improve the physical, chemical and often visual condition of an object.

As well as the conservation treatment of rare and unique objects, the conservators work on a diverse range of measures to reduce risks of damage to the collections. These activities include supporting and training staff in all aspect of collection care and management including handling, condition assessment, surveying, rehousing and phase-boxing. Conservators also prepare items for exhibition, digitisation and loan for exhibition.

(e) Disposal

The Board of the National Library also has the power to dispose of library materials subject to the provisions of Section 18(2) of the National Cultural Institutions Act, 1997. The National Library does not normally dispose of material from the collections.

(f) Analysis of Acquisitions

As outlined in the Accounting Policies (Note 1, (h)), the National Library recognises all Heritage Assets (with an individual value of more than €5,000) purchased or acquired since 2005. Such assets are carried at cost with adjustment for impairment where required. The transactions in relation to 2022 and the previous four accounting periods are set out below.

	Manuscripts	Digital	Visual	Printed	Total
	€	€	€	€	€
Cost or Valuation:					
At 1 January	20,068,305	3,301,235	3,018,164	1,734,306	28,122,010
Purchases	161,671	75,834	19,680	30,057	287,242
Donation Materials	6,000	-	42,000	-	48,000
At 31 December	20,235,976	3,377,069	3,079,844	1,764,363	28,457,252

g) Five Year Financial Summary of Heritage Asset Transactions

	2022	2021	2020	2019	2018
	€	€	€	€	€
Additions					
Manuscripts	167,671	872,793	696,949	1,156,576	2,505,129
Digital	75,834	80,026	94,631	91,484	120,407
Visual	61,680	88,300	-	-	-
Printed	30,057	10,565	30,482	6,086	-
	335,242	1,051,684	822,062	1,254,146	2,625,536

13. Receivables

	2022	2021
	€	€
Prepayments	144,579	127,727
Accrued Income (Note 2)	29,792	14,501
Debtors	243,472	272,840
	417,843	415,068

14. Payables

	2022	2021
	€	€
Accruals and Deferred Revenue	367,518	489,751
Taxation and Social Welfare	171,244	179,562
Trade Creditors	199,606	97,073
	738,368	766,386

15. Related Party Disclosures

Please refer to Note 5 for a breakdown of the remuneration and benefits paid to key management.

The National Library adopts procedures in accordance with the guidelines issued by the Department of Public Expenditure and Reform covering the personal interests of Board members. In the normal course of business, the National Library may approve grants or enter into other contractual arrangements with entities in which the National Library's Board members are employed or are otherwise interested.

The National Library of Ireland Trust (the Trust), a company limited by guarantee without share capital was established to aid the development of the National Library of Ireland and to acquire printed books, manuscripts, and other material, by Irish people or relating to Ireland. The National Library and the Trust are related parties as the majority of the Trustees are either current members of the National Library Board or management team. The National Library of Ireland exercises control over the National Library of Ireland Trust.

The Trust prepares annual financial statements which are audited by a firm of commercial auditors. The latest available audited financial statements are for the year ended 30 April 2022 which record expenditure of €5,295 (2021: €5,727); income of €nil (2021: €13,256); and year end retained revenue reserves/net assets of €464,894 (2021: €470,189). There were no transactions between the Trust and the National Library during 2022.

16. Comparatives

Certain comparative figures have been regrouped and reclassified on the same basis as the current year.

17. Contingent Liabilities

The NLI is involved in a personal injury claim which is being handled by the State Claims Agency. An amount has been provided within Accruals and Deferred Revenue in Note 14 relating to this claim. No further detail is provided so as not to seriously prejudice the NLI's position in the related claim.

18. Events After Reporting Period

There are no events between the reporting date and the date of approval of these financial statements for issue that require adjustment to the financial statements.

The Acting Director, Katherine McSharry resigned from the NLI in January 2023. Dr. Audrey Whitty was appointed Director of the NLI with effect from 7 February 2023.

19. Approval of the Financial Statements

The financial statements were approved by the Board of the National Library of Ireland on the 29th June 2023.



The National Library of Ireland (NLI) is the library of record for Ireland. Established in 1877, we share the story of Ireland with the world through our unique collections. We care for more than twelve million items, including books, manuscripts, newspapers, photographs, prints, maps, drawings, ephemera, music and digital media. The Library is open, free of charge, to all those who wish to consult the collections.

The five strategic priorities for the National Library of Ireland for 2022-2026 are to collect, protect, reveal, engage and innovate.

Further information is available at www.nli.ie

Follow the NLI on    



*Leabharlann
Náisiúnta
na hÉireann*

National Library
of Ireland




*Leabharlann
Náisiúnta
na hÉireann*

National Library
of Ireland

LEABHARLANN NÁISIÚNTA NA HÉIREANN

Tuarascáil Bhliantúil 2022





LEABHARLANN NÁISIÚNTA NA HÉIREANN

Tuarascáil Bhliantúil 2022



Clár na nÁbhar

Ráiteas an Chathaoirligh	3
Sracfhéachaint ar 2022	4
Bailiú	6
Cosaint	10
Nochtadh	12
Rannpháirteachas	16
Nuáil	28
Ráitis Airgeadais 2022	33

Arna fhoilsiú ag Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, Baile Átha Cliath

© Bord Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, 2022

Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2, Éire

Teileafón: +353 1 603 0200

Ríomhphost: info@nli.ie

Láithreán gréasáin: www.nli.ie/ga

Íomhá ar an gClúdach: Mionsamhail Lego le David agus Breda Fennell

Íomhá ar an taobh istigh: Myles Shelly

Ráiteas an Chathaoirligh

Seoladh straitéis cúig bliana (2022-2026) Leabharlann Náisiúnta na hÉireann (NLI) in 2022. Tá leagtha amach sa straitéis sin na nithe a dtabharfar tús áite dóibh lenár mbunchuspóirí a bhaint amach faoi na cúig bhunchloch straitéiseacha: bailiú, cosaint, nochtadh, rannpháirteachas agus nuáil. Rinneadh dul chun cinn ar gach ceann de na réimsí sin le bliain anuas.

De réir mar a tháinig deireadh leis na coinníollacha a bhain le COVID-19, bhí lúcháir orainn fáilte a chur roimh an bpobal ar ais chuig na seomraí léitheoireachta agus taispeántais atá againn. Cuireadh tús arís le gníomhartha ar an láthair, imeachtaí oíche ina measc, agus tacaíocht ann ó scéim an Rialtais don Gheilleagar Oíche. Ós rud é gurbh éigean dúinn taithí a fháil ar an gcumarsáid ar líne fad a mhair COVID-19, tá saineolas agus lucht féachana nua againn atá á bhforbairt againn taobh le seirbhísí a chur ar fáil ar an láthair.

Fuarthas saothair thábhachtacha a chuir leis na bailiúcháin. Ceann acu sin a fuarthas ná an bronnadh armair Éireannach is sine dá bhfuil ann, de réir mar a thuigtear, chomh maith le hábhair a bhaineann le Cogadh na gCarad. Agus é mar ghealltanas againn taifead a choinneáil de gach gné den saol in Éirinn, rinneadh an gealltanas sin a threisiú nuair a bronnadh páipéir phearsanta leis an ngníomhaí cáiliúil i gcoinne VEID/SEIF agus iarshagart Bernárd Lynch ar an leabharlann.


Tá fás de shíor ar ár mbailiúcháin dhigiteacha. Rinneamar breis agus 22,000 mír ónár mbailiúcháin a dhigitiú in 2022 a fhágann go bhfuil teacht ag níos mó daoine in Éirinn agus ar fud na cruinne orthu. Rinneamar corradh le 700 láithreán gréasáin Éireannach a chartlannú, a léiríonn an tiomantas leanúnach atá againn scéal comhaimseartha na hÉireann a bhailiú. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis na deontóirí go léir atá againn a thugann tacaíocht thábhachtach don Leabharlann.

Agus muid ag iarraidh cur go suntasach le Deich mBliana na gCuimhneachán, sheolamar *Stair á Nochtadh*. Feachtas digiteach atá ann atá dírithe ar ábhar a bhaineann leis an suaitheadh polaitiúil agus sóisialta thart ar 1922 agus ar shaol ceathrair a raibh ról thábhachtach acu le linn na tréimhse sin.

Chuathas ar aghaidh leis an obair ar ár gclár tábhachtach forbartha caipitil i gcomhar le hOifig na nOibreacha Poiblí agus leis an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán. Is é an toradh a bheidh air sin ná bunathrú chun feabhais ar Sciathán Thiar phríomhfhoirgneamh na Leabharlainne gur taithí spreagúil chultúrtha a bheidh ann. Spás mór poiblí a bheidh ann do chuariteoirí sna glúnta atá romhainn.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil go speisialta le Catherine Martin, an tAire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán agus oifigigh na Roinne sin as tacú go láidir le Leabharlann Náisiúnta na hÉireann. Ba mhaith liom buíochas a ghlacadh freisin le comhghleacaithe eile atá ar an mBord liom as an méid a dhéanann siad agus le gach duine sa Leabharlann Náisiúnta as an tiomantas agus díograis a léiríonn siad.

Ar deireadh, is mian liom ár mbuíochas di agus meas uirthi a chur in iúl don Stiúrthóir Gníomhach, Katherine McSharry, a d'fhág an Leabharlann chun glacadh leis an ról mar Stiúrthóir na hOidhreacht Cultúrtha sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. Cuirim fáilte roimh Stiúrthóir nua na Leabharlainne, an Dr. Audrey Whitty, a tháinig anseo i mí Feabhra 2023 agus a bhfuil saineolas agus taithí luachmhar aici le tabhairt do NLI.



Eoin McVey





Sracfhéachaint ar 2022



200
tír

Cuairteoirí ó níos mó ná 200 tír ar an láthair agus ar líne



6.1

teiribheart de shonraí ó láithreáin ghréasáin Éireannacha a bailíodh

MÍREANNA A nDEARNADH DIGITIÚ ORTHU I mBLIANA



22,363

mír dhigithe a cuireadh leis an gcatalóg ar líne

AN LÍON IOMLÁN MÍREANNA A nDEARNADH DIGITIÚ ORTHU




160,000

mír dhigithe atá ar fáil ar líne anois

15,093

leabhar, nuachtán agus tréimhseachán nua a fuarthas



33,319

taifead a cuireadh lenár mbailiúchán



20.5
milliún

Idirghníomhaíocht ar líne i dteannta a chéile

104,020

leantóir ar na meáin shóisialta


 33,968

 23,329

 46,723




FIGIÚIRÍ FÉACHANA FLICKR I mBLIANA

 7,847,549

FIGIÚIRÍ FÉACHANA AR FLICKR

 100
milliún

Cloch mhíle bainte amach sna figiúirí féachana ar Flickr




Mhionsamhail Lego



7,323

Freastal ar líne

D'fhreastail 7,323 duine ar thaispeántais, turais agus imeachtaí ar líne



178,409

duine a d'fhreastail ar thaispeántais, turais agus imeachtaí ar líne



12,045

Léitheoir agus taighdeoir

Bailiú

Is í Leabharlann Náisiúnta na hÉireann leabharlann taifid na hÉireann. Tá breis agus dhá mhilliún mír déag faoinár gcúram, lena n-áirítear leabhair, lámhscríbhinní, nuachtáin, grianghraif, léarscáileanna, léaráidí, earraí inbhailithe agus ábhar digitghinte.

Tá fás leanúnach ar an mbailiúchán náisiúnta mar gheall ar mheascán d'ábhar a ceannaíodh agus ábhar a bronnadh, chomh maith leis an taisclann dhlíthiúil mhór atá againn. Mar leabharlann taisce dlíthiúil, táimid i dteideal cóip a fháil de gach rud a fhoilsítear sa Stát. Faighimid agus bailímid moll mór nuachtán, tréimhseachán agus leabhar - 300 mír nó mar sin sa tseachtain ar an meán.



Tá níos mó ná 160,000 mír dhigithe ar fáil inár mBailiúchán Dhigiteacha anois ar ár gcatalóg ar líne. Is minic muid ag bailiú ábhar a cruthaíodh go hiomlán i bhformáid dhigiteach, mar shampla láithreáin ghréasáin, na meáin shóisialta agus teachtaireachtaí ríomhphoist.

Chuireamar leis na bailiúcháin náisiúnta i gcaitheamh 2022, idir ábhar a bronnadh agus ábhar a ceannaíodh. Ceann breise suntasach a fuarthas ná Bronnadh Armais Stanyhurst ó 1554. Ceannaíodh an lámhscríbhinn Thúdarach seo i gceant, lámhscríbhinn atá ann le 468 bliain, agus tá sé ar an sampla Éireannach is sine de bhronnadh armais dá bhfuil eolas ann. Tá bail thar a bheith maith uirthi.

Is é NLI a dhéanann cúram den bhailiúchán is mó d'ábhar a bhaineann le WB Yeats ar domhan. I measc na nithe a cuireadh leis le gairid tá albam saoire agus nótaí lámhscríofa ann ar le Elizabeth (Lolly) Corbet Yeats é.


Samplaí de na nithe a cuireadh lenár mbailiúchán mór de réada a bhaineann le Cogadh na gCarad: buanorduithe ó champa imtheorannaithe, áit a raibh Neamhrialtaigh a bhí in éadan an Chonartha á gcoinneáil; litreacha ó Bhriogáid Phort Láirge d'Óglaigh na hÉireann chuig Edmund Downey, eagarthóir ar *The Waterford News* agus iad ag iarraidh go ndéanfaí cinsireacht ar thuairiscí sa pháipéar sin, 1922; agus cúig ghrianghraf de shlua sochraide Mhíchíl Uí Choileáin ag dul síos Sráid Grafton.

I measc na samplaí de litreacha agus comhfhreagras a fuarthas bhí dhá litir ghrá ó 1752 agus comhfhreagras ó Kathleen Keyes McDonnell i mbun stocaireacht le go ndéanfaí a fear céile a scaoileadh saor ón bpríosún tar éis Éirí Amach na Cásca i 1916, chomh maith le sraith litreacha (2010-2015) le Brian Friel.

Ar na téacsanna agus priontaí maisithe comhaimseartha a fuarthas bhí *Evening, with Ghost Moths*, dán le Seán Hewitt, agus saothar leis an maisitheoir Tatyana Feeney ón leabhar Gaeilge do pháistí *Cillian agus an Rón*.



Aisteoirí agus feisteas Túdarach orthu do sheisiún grianghrafadóireachta leis na meáin bainteach le Bronnadh Armais ar Nicholas Stanyhurst a fuarthas tamall gairid roimhe sin, mí na Nollag 2022



Evening, with Ghost Moths, dán le Seán Hewitt agus maisiúchán le Jo Sweeting

Saothair shuntasacha eile a fuarthas chun cur leis na bailiúcháin fhoilsithe: lámhscríbhinn ó 1969 de lámhscríbhinn le Eavan Boland *The Winning of Etain*, sínithe ag Boland chomh maith le duillín beannachtaí sínithe ag Allen Figgis; agus *Short Stories in Print*, bailiúchán in eagrán teoranta ina bhfuil saothar nár foilsíodh roimhe le cuid de na scríbhneoirí is fearr in Éirinn, foilsithe ag an Músaem Náisiúnta Cló.


Ceann de na príomhchuspóirí atá ag NLI ná ábhar a bhailiú ar bhealach atá ionadaíoch agus ionchuimsitheach. Bhíomar sásta go bhfuarthas páipéir phearsanta leis an ngníomhaí cáiliúil i gcoinne VEID/SEIF agus iarshagart, Bernárd Lynch, agus cartlann Chraobh Ghinealaigh an Lucht Siúil i gcomhar le Mincéirí Phort Láirge (Tionscadal Forbartha an Lucht Siúil, Port Láirge).

Bailiúcháin Dhigiteacha

Is é is cuspóir dúinn cuimhne thaifeadta na hÉireann i gach formáid. Is minice a chiallaíonn sé sin go mbeidh formáidí digitghinte ann, is é sin sruthanna físe, doiciméid dhigiteacha agus láithreáin ghréasáin. Tá ról ag NLI láithreáin ghréasáin ar díol spéise in Éirinn iad a chartlannú ó bhí 2007 ann. Tá clár roghnaitheach cartlannaithe ar bun ó 2011 ar aghaidh.

Rinneadh dul chun cinn i mbliana ar an obair chun ábhar digiteach a bhailiú ina ndéantar iniúchadh ar na nithe seo: bithéagsúlacht agus an Comhshaol, an Diaspóra, cúrsaí LADTI+ agus réimsí spéise cultúrtha, ceol agus spórt cuir i gcás. I measc na mbuaicphointí de chartlanna digitghinte a cuireadh leis an mbailiúchán tá Daonáireamh 2022 agus an chartlann Éire agus an tAontas Eorpach.

Saothair Nua-Fhaighte 2022




7,472

Nuachtán



3,130

Tréimhseachán



4,491

Leabhar a fuarthas



736

teiribheart de shonraí ó láithreáin ghréasáin Éireannacha a bailíodh




220

Níos mó ná 220 saothar a fuarthas do na Bailiúcháin Speisialta*

*Míreanna aonair agus bailiúcháin araon



An ginealeolaí Tony Hennessy, thar ceann Mhincéirí Phort Láirge ag bronnadh chraobhacha ginealaigh de chuid an Lucht Siúil ar Bhríd O'Sullivan ón Leabharlann Náisiúnta, Iúil 2022



An t-iarshagart agus gníomhaí Bernárd Lynch ag freastal ar fháiltiú chun aitheantas a thabhairt dó as a chuid páipéar a bhronnadh ar an Leabharlann Náisiúnta, mí na Nollag 2022

Cosaint

An bailiúchán náisiúnta a chosaint agus a shábháil atá i dtús áite againne ar bhonn leanúnach. Cuid de na feidhmeanna is tábhachtaí atá sa Leabharlann Náisiúnta ná cúram na mbailiúchán. Is gá réimse de ghníomhartha speisialaithe caomhnaithe agus cóireáil chaomhnaithe a chur i gcrích san obair seo, idir stóráil oiriúnach a sholáthar do na bailiúcháin, an caomhnú digiteach, cúrsaí slándála agus an phleanáil chun cúrsaí a réiteach i gcás tubaiste. Tá na cúraimí fíorthábhachtacha sin mar bhonn faoi gach a ndéanaimid. Déanann siad a chinntiú go bhféadfaimid na bailiúcháin náisiúnta a choinneáil slán sábháilte agus inrochtana ag úsáideoirí an lae inniu agus na glúnta atá le teacht.



Caomhnú agus Cosaint

Tugann an Rannóg Caomhnaithe faoi na bailiúcháin náisiúnta a chosaint agus a chaomhnú, riocht na mbailiúchán a fheabhsú agus damáiste a chosc. Tá réimse ábhair sna bailiúcháin atá faoinár gcúram, idir phlátaí gloine sobhriste, ghníomhais ar veilleam ón 12ú haois, chartlanna gréasáin agus 40km de leabhair. Cuireann caomhnóirí comhairle orainn faoin dóigh le réada a láimhseáil go sábháilte, bail an ábhair a mheas agus spás nua a aimsiú dó.

Rinneadh obair chaomhnaithe ar bhreis agus 1,500 mír i gcaitheamh na bliana. Ina measc sin bhí ábhar ón mBailiúchán Lámhscríbhinní, Grianghraf agus Cló, píosaí ó bhailiúchán Sheehy Skeffington agus ó bhailiúchán Band Aid.

Chuir an Rannóg Caomhnaithe fáilte roimh eolaí caomhnaithe ón gCartlann Náisiúnta sa Ríocht Aontaithe a bhí ag obair i gcomhar linn ar thionscadail áirithe, mar shampla iniúchadh ar thionchar dathán ar lámhscríbhinní uathúla araltais agus bailiúchán de lámhscríbhinní léarscáileanna ón 17ú haois le Richard Bartlett.

Samplaí eile de bhuaicphointí caomhnaithe: leabhar clóite uathúil ón 18ú haois le Giovanni Battista Piranesi arna ullmhú agus arna chur ar taispeáint mar chuid de *'For the Love of the Master'* (Caisleán Bhaile Átha Cliath), rinneadh nithe a bhaineann le Joyce a ullmhú agus a fheistiú lena gcur ar taispeáint i Leabharlann Náisiúnta Lucsamburg agus tugadh tús áite do 50 imleabhar ón mbailiúchán leabhar *Clóliosta* lena gcaomhnú.



Scrúdú á dhéanamh ag ball foirne ar an gcóta lí de léaráid uathúil ar lámhscríbhinní araltais ón 17ú haois



Claonchlónna plátghloine á n-iniúchadh sa Chartlann Náisiúnta Ghrianghrafadóireachta

Nochtadh

Tá scéal na hÉireann á aithris ag an Leabharlann Náisiúnta le chóir a bheith 150 bliain. Tá seirbhísí staire teaghlaigh agus spásanna taighde do Bhailiúcháin Fhoilsithe agus Speisialta. Tá níos mó seirbhísí á gcur ar fáil againn ná mar a bhaineann le foirgnimh. Fágann an catalógú agus an rochtain dhigiteach go bhfuil teacht ag níos mó daoine ná riamh ar na bailiúcháin atá againn. Feidhm tábhachtach atá sa chatalógú fós a fhágann go bhfuil an méid atá i seilbh na Leabharlainne Náisiúnta le feiceáil ag daoine ar fud an domhain. Tá úsáideoirí in ann rochtain a dhéanamh ar ábhair cibé áit a bhfuil siad mar gheall ar an digitiú.

Míreanna a ndearnadh iad a dhigitiú in 2022 **22,363**

Taifid a cuireadh lenár mbailiúcháin in 2022 **33,319**



Buaicphointí an Digitithe

Rinneadh 22,363 mír a dhigitiú inár gclár digitithe in 2022. Ina measc siúd bhí 21,470 lámhscríbhinn, 665 grianghraf, 140 prionta agus líníocht agus 76 leabhar.

Bhíothas ag leanúint ar aghaidh leis an obair ar thionscadal chun *Clóliosta* a dhigitiú, sin leabharliosta ó roimh 1871 d'ábhar clóite Gaeilge i mbailiúcháin na Leabharlainne Náisiúnta.

Clár Tógála

Tá ár dtionscadal forbartha caipitil 'An Leabharlann Náisiúnta a Shamhlú as an Nua' ar an bhforbairt is tábhachtaí againn ó osclaíodh an leabharlann in 1890. Agus béim ar raon agus caighdeán na seirbhísí poiblí a fheabhsú sa phríomhfhoirgneamh leabharlainne, mar chuid den fhorbairt mhór seo ar Sciathán Thiar NLI déanfar spásanna nua saor in aisce agus inrochtana a chruthú i lár na cathrach i mBaile Átha Cliath. Bunchlocha den tionscadal atá san inbhuanaitheacht agus san inrochtaineacht. Mar chuid den obair leanúnach i mbliana bhí forbairt mhionsonraithe deartha, suirbhéanna iniúchta, tuarascálacha agus comhairliúcháin réamhphleanála le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus é mar sprioc iarratas pleanála a chur isteach in 2023. Rinneadh dul chun cinn suntasach ar an obair athchóirithe i Seomra Léitheoireachta na Lámhscríbhinní chomh maith le Seomra Ealaíne nua. Beidh an dá cheann acu sin oscailte don phobal in 2023.

Tá dul chun cinn á dhéanamh ar thionscadal forbartha caipitil Leabharlann Náisiúnta na hÉireann agus tacaíocht ann ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán agus Oifig na nOibreacha Poiblí. Chuireamar fáilte roimh an Aire Catherine Martin (RTCEGSM) agus roimh an Aire Patrick O'Donovan (Oifig na nOibreacha Poiblí) i mbliana le foirgneamh an Sciatháin Thiar a thaispeáint dóibh.



Leabhar á dhigitiú sa Stiúideo Digiteach ag ball foirne



An tAire Catherine Martin ar thuras thart ar an láithreán forbartha caipitil i Sráid Chill Dara, Meitheamh 2022

Clár Scoláireachtaí

Cuireann NLI líon teoranta scoláireachtaí agus intéirneachtaí ar fáil gach bliain chun léargas a thabhairt ar ghairm sa leabharlannaíocht nó ranna eile sa Leabharlann Náisiúnta. Táimid tar éis a bheith ag obair i gcomhar le roinnt comhlachtaí agus eagraíochtaí ó cuireadh tús leis an gclár sa bhliain 1999. Tá ról lárnach ag Scoil an Léinn Leabharlainne agus Faisnéise sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, ag Scoil na Staire sa choláiste céanna, Coiste Eolaíochtaí Stairiúla na hÉireann agus Comhairle Oidhreachta na hÉireann maidir leis an deis luachmhar seo a chur ar fáil gach bliain.

Seoladh na Straitéise Nua Cúig Bliana

Foilsíodh ár straitéis cúig bliana i mí na Bealtaine. An Bord, an Stiúrthóir agus an Fhoireann Ceannaireachta a rinne forbairt ar an straitéis, agus cúig cinn de bhunchlocha straitéiseacha mar chreatlach inti. Tá siad ag leanúint ar aghaidh leis an obair ón tréimhse straitéiseach 2016-2021 inar leagadh amach tosaíochtaí leanúnacha do NLI, cuir i gcás bailiú agus cosaint.

Tá clár uailmhianach straitéiseach á leagan amach leis na cúig bhunchloch seo don tréimhse 2022-2026. Mar thoradh orthu, tiocfaidh athrú ó bhonn ar NLI trí bhíthin clár mór athfhorbartha caipitil agus obair mhór inár seirbhísí agus feidhmeanna go léir.

Is iad na cúig thosaíocht straitéiseacha atá ag Leabharlann Náisiúnta na hÉireann don tréimhse 2022-2026 ná an 'Bailiú, Cosaint, Nochtadh, Rannpháirteachas agus Nuáil'.



Comhairliúcháin sa seomra taighde don Stair Theaghlaigh

Bunchlocha Straitéiseacha



Foilsíodh Straitéis Cúig Bliana na Leabharlainne Náisiúnta i mBealtaine 2022

Rannpháirteachas

Tá traidisiún na fáilte sa Leabharlann Náisiúnta mar bhonn faoi gach a ndéanaimid. Cuid lárnach agus spreagúil den obair a dhéanaimid ná rannpháirtíocht an phobail. Cuidiú dúinne atá sna taispeántais, imeachtaí, turais agus gníomhartha foghlama atá againn chun an rannpháirtíocht ionchuimsitheach leis na bailiúcháin atá inár seilbh ar iontaobhas a chur chun cinn.

Bhí sé riachtanach forbairt a dhéanamh go gasta ar ár dteagmháil dhigiteach i mblianta roimhe seo agus, dá bharr, tá ardáin luachmhara nua againn chun teagmháil a dhéanamh le húsáideoirí seirbhísí ar fud na tíre agus go hidirnáisiúnta. Tá na modhanna nua a ndearnadh forbairt orthu chun teagmháil a dhéanamh le lucht úsáide ar líne fós ar bun againn agus é sin mar chuidiú againn teagmháil a dhéanamh le níos mó daoine agus na bailiúcháin náisiúnta a chur os comhair an phobail ar fud an domhain.

Agus daoine tar éis breis agus milliún cuairt a thabhairt ar an láithreán ó 200 tír agus fás bliantúil 10.4% ar leantóirí ar na meáin shóisialta, chloíomar le clár a chur ar fáil ar líne taobh le himeachtaí ar an láthair chun freastal ar an éileamh. Tá traidisiún an chomhair in NLI mar bhonn faoi na héachtaí atá bainte amach againn agus tá cuid de na buaicphointí ó 2022 le feiceáil ar na leathanaigh seo a leanas.



An Líon Cuairteoirí ar an Láthair

Taighdeoirí

An Príomhsheomra Léitheoireachta **8,069**

Seomra Léitheoireachta na Lámhscríbhinní **2,268**

An Seomra Staire Teaghlaigh **1,708**

Taispeántais agus Imeachtaí

Seamus Heaney: Éist Anois Arís **57,388**

An Chartlann Náisiúnta Ghrianghrafadóireachta **22,418**

Yeats: Saol agus Saothair WB Yeats **49,933**

Músaem Litríochta na hÉireann (MoLI) **36,625**

Athbhunú seirbhísí agus paindéim COVID-19 thart:


Ó mhí na Bealtaine ar aghaidh, tháinig na uaireanta oscailte go déanach i lár na seachtaine ar ais dár bPríomhsheomra Léitheoireachta agus Seomra Léitheoireachta Lámhscríbhinní agus ansin osclaíodh an áit arís gach dara Satharn ó mhí Dheireadh Fómhair ar aghaidh. Cuireadh tús arís leis na seirbhísí comhairliúcháin duine le duine le rannóg na Staire Teaghlaigh agus tá an-tóir orthu sin.

Postálacha is mó Tóir sna Meáin Shóisialta


An Phostáil is mó tóir ar Instagram




An Físeán Instagram is mó tóir



Postálacha is mó tóir ar Twitter



Postálacha is mó tóir ar Facebook



1. Ár Suíomhanna agus Spásanna Taispeántais

ÁR SUÍOMHANNA

Tá Leabharlann Náisiúnta na hÉireann lonnaithe i gceithre fhoirgneamh i mBaile Átha Cliath. Tá na foirgnimh uile ar oscailt don phobal agus saorchead isteach iontu.

Leabharlann Náisiúnta na hÉireann

7/8 Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2, Do2 P638

Seomra Léitheoireachta na Lámhscríbhinní agus Oifig an Phríomh-Arait

2/3 Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2, Do2 TR76

Seamus Heaney: Éist Anois Arís

Ionad Cultúrtha agus Oidhreachta Bhanc na hÉireann, Sráid Westmoreland, Baile Átha Cliath 2, Do2 VR66

An Chartlann Náisiúnta Ghrianghrafadóireachta

Cearnóg Theach an Tionóil, Barra an Teampaill, Baile Átha Cliath 2, Do2 WF85

TAISPEÁNTAIS



Yeats: Saol agus Saothar William Butler Yeats

- ◆ Ceann de na gnéithe is mó tarraingt atá againn le cúig bliana déag ná an taispeántas ar WB Yeats a bhfuil duaiseanna faighte againn ar a shon. Taispeántas ilmheán atá ann agus ár mbailiúchán mór d'ábhar ar WB Yeats mar chuid de. Déantar cíoradh ann ar shaol duine de na filí is tábhachtaí agus is mó tionchar ón 20ú haois.
- ◆ Chuathas ar aghaidh le turais fhíorúla in 2022 agus thosaigh turais ar an láthair ar ais i mí an Mhárta. Bhí an-tóir ar thurais fhíorúla i measc rannpháirtithe ar líne in Éirinn agus in áiteanna eile, turais ar nós 'Yeats agus an Dúlra', 'Yeats, Síscéalta agus Béaloideas', 'Yeats agus an Amharclann' agus 'Buntreoir do Thaispeántas Yeats'.
- ◆ Ó mhí an Mhárta ar aghaidh tháinig méadú suntasach ar an líon cuairteanna ar an láthair ó bhunscoileanna agus iar-bhunscoileanna.



Seamus Heaney: Éist Anois Arís (SH:LNA)

- ◆ Sa taispeántas idirghníomhach seo a raibh freastal maith air, a seoladh in 2017 agus a raibh an tOllamh Geraldine Higgins i mbun coimeádaíochta ann, baintear leas as an gcartlann mhór a bhronn an buaiteoir Ghradam Nobel Seamus Heaney agus a mhuintir ar Leabharlann Náisiúnta na hÉireann in 2011. Cuireadh tús arís in 2022 le himeachtaí ar an láthair agus le turais threoraithe gach seachtain. Leanamar ar aghaidh le turais agus léachtaí fíorúla agus bhí rannpháirtithe againn ó gach áit in Éirinn, ó na Stáit Aontaithe, ó Cheanada, ón Ríocht Aontaithe agus ón tSín.
- ◆ Obair i gcomhar leis an tSeirbhís Tacaíochta do Mhúinteoirí na Sraithe Sóisearaí chun acmhainn nua a fhorbairt bunaithe ar *The Burial at Thebes* le Heaney.
- ◆ Rinneadh obair i gcomhar le heagraíochtaí mar First Fortnight, Aosú Dearfach agus Féile na Staire, Baile Átha Cliath, le ceardlanna agus imeachtaí a chur ar fáil ar an láthair agus ar líne.



An Chartlann Náisiúnta Ghrianghrafadóireachta

- ◆ Agus cúig mhíleann ómhá ann, is ar an láthair sa Chartlann Náisiúnta Ghrianghrafadóireachta i mBarra an Teampaill atá na bailiúcháin náisiúnta ghrianghrafadóireachta i gcartlann faoin talamh. Tá fáil ar an gcartlann chomh maith le tacaíocht ó leabharlannaí sa seomra léitheoireachta agus taighde grianghraf ach coinne a dhéanamh.
- ◆ Tá an chartlann ar oscailt go hiondúil seacht lá sa tseachtain i lár na cathrach i mBaile Átha Cliath. Tá teacht ag an bpobal ar an spás taispeántais sa Chartlann Náisiúnta Ghrianghrafadóireachta ó bhí mí Eanáir ann.
- ◆ Tháinig deireadh leis an taispeántas mórélímh 'Ireland on the Box' i mí na Samhna, obair a rinneadh i gcomhar le Cartlann RTÉ le ceiliúradh a dhéanamh ar thrí scór den teilifís in Éirinn.
- ◆ Bhí an spás á dhéanamh réidh don taispeántas grianghrafadóireachta in 2023 'Pobal agus Áiteanna: Éire sa 19ú agus san 20ú hAois' sa dara cuid den bhliain agus tá an taispeántas le hoscailt don phobal san earrach in 2023.

2. Turais, Cainteanna agus Imeachtaí Poiblí (Buaicphointí)



Imeachtaí do Pháistí

Am le Rím a Dhéanamh

Chuir SH:LNA tús le ceardlann thimthriallach idirghníomhach do leanaí 0-5 bliana d'aois agus scéaltaí, rannta, amhráin agus filíocht le Seamus Heaney mar chuid den seisiún.

Ar an Satharn sa Gheimhreadh: Scoth Átha Cliath!

I gcomhar leis an tionscnamh 'An Geimhreadh i mBaile Átha Cliath' ó Fáilte Éireann, chuireamar imeachtaí agus ceardlanna ar siúl dírithe ar pháistí idir 8 bliana agus 12 bhliain d'aois leis an údar agus maisitheoir Alan Nolan (The O'Brien Press).

Ar an Satharn sa Gheimhreadh

Mionsamhail nua Lego NLI a chur os comhair an phobail chomh maith le ceardlanna, na cinn seo ina measc: Tógáil le Lego agus ceardlanna dathadóireachta i gCathair Átha Cliath Theas, conair gníomhaíochtaí WB Yeats agus Conair Staire agus Oidhreacht do Leanaí.

Lá Náisiúnta na Líníochta

Conair chruthaitheach do pháistí thart ar an taispeántas SH:LNA.

An Geilleagar Oíche - Clár an Fómhair agus an Gheimhridh

Agus tacaíocht againn ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, sheol NLI sraith imeachtaí tráthnóna i ndiaidh na ngnáth-uaireanta mar chuid de chlár cainteanna, turas agus coirmeacha.

I measc na mbuaicphointí:

Caint: Oíche Shamhna: Gléasadh Suas agus Bob nó Bia

Rinne an t-ealaíontóir agus béaloideasóir Michael Fortune cioradh ar na traidisiúin a bhaineann le Samhain.

Turas an Stiúrthóra

Turais threoraithe mhíosúla (Meán Fómhair-Samhain) i gcuideachta Stiúrthóir Gníomhach na Leabharlainne Náisiúnta.

Féile Leabhar Bhaile Átha Cliath: Scríobh na Staire

Imeacht i gcomhar le Féile Leabhar Bhaile Átha Cliath inar threoraigh Paul McVeigh plé le scríbhneoirí eile ficsin stairiúil.



Seoladh na Mionsamhla Lego

Rinneadh mionsamhail thar a bheith mionsonraithe Lego de champas Shráid Chill Dara de NLI a oscailt don phobal. Ceann de na mionsamhlacha Lego is mó in Éirinn atá sa mhionsamhail seo, atá suite sa phríomh-halla. Seo iad na toisí: 180cm x 168cm agus 60cm ar airde.

Chaitheamar ceithre bliana ag obair leis na daoine móra Lego David agus Breda Fennell le gnéithe iontacha dár bhfoirgnimh Víctoiriacha a cheiliúradh, agus leis an spás poiblí nua atá á fhorbairt inár n-iar-chruacha leabhar a shamhlú.

Léacht Bhliantúil Joseph Hassett ar Yeats

An tOllamh John McCourt a thug Léacht Bhliantúil Hassett ar Yeats in 2022, léacht dar teideal 'WB Yeats: A Portrait of the Poet as a Joyce Critic'.


Bíonn eochairléacht sa Leabharlann Náisiúnta gach bliain le breith WB Yeats ar an 13 Meitheamh 1865 a chomóradh agus tacaíocht fhial á fáil ó Joseph Hassett, dlíodóir, scoláire liteartha agus daonchara.

2. Turais, Cainteanna agus Imeachtaí Poiblí (Buaicphointí)




Poetry Aloud

Reáchtáladh comórtas 2021 go fóirúil de dheasca COVID-19, i gcomhar le hÉigse Éireann agus tacaíocht ann ó Choláiste na hOllscoile, Corcaigh. I mí na Nollag 2022, d'fhreastail na buaiteoirí ó Chomórtas 2021 Poetry Aloud ar bhronnadh duaiseanna ar an láthair i Leabharlann WB Yeats sa Leabharlann Náisiúnta.



Ócáid Faighte Bailiúcháin: Bernárd Lynch

D'fhógair an Leabharlann Náisiúnta i mí na Samhna go bhfuil páipéir phearsanta leis an Bernárd Lynch faighte aici, ar gníomhaí i gcoinne VEID/SEIF agus iarshagart é. Agus a shaol caite aige leis an gcúram tréadach agus le habhcóideacht ar son chearta an duine sa phobal LGBTI+ i Nua-Eabhrac agus i Londain, bhain Lynch clú agus cáil amach le linn eipidéim VEID/SEIF.



3. Ár gClár ar Líne (Buaicphointí)

Rannpháirtíocht ar Líne

FIGIÚIRÍ FÉACHANA AR LÁITHREÁN GRÉASÁIN NA LEABHARLAINNE NÁISIÚNTA

1,212,151

FIGIÚIRÍ FÉACHANA NA GCLÁR

2,126,627

FIGIÚIRÍ FÉACHANA AR FLICKR

7,847,549

LEANTÓIRÍ AR NA MEÁIN SHÓISIALTA

Facebook: 33,968

Instagram: 23,329

Twitter: 43,723

10.4%

Fás bliantúil de 10.4% ar ár leantóirí ar na meáin shóisialta i dteannta a chéile (ó 94,137 go 104,020)

7,054*

Imeachtaí, turais agus taispeántais ar líne

Imeachtaí ar líne de chuid na Leabharlainne Náisiúnta (seachas MoLI)



Taispeántais ar Líne

Ní Féach chun Deiridh

Sa taispeántas ar líne seo atá á chur i láthair i gcomhar le MoLI, caitear súil ar an taobh cruthaitheach de chartlann Brian Friel, an drámadóir Éireannach.

'Stair á Nochtadh'

I gcomhar le Deich mBlíana na gCuimhneachán, sheolamar feachtas digiteach nua ina leagtar béim ar chuid de na hábhair a bhaineann le suaitheadh polaitiúil agus sóisialta 1922.

Turas Fíorúil ar an Taispeántas SH:LNA

Turas fíorúil míosúil a ndéantar ateangaireacht TCÉ ann agus a bhfuil fotheidil ag gabháil leis.

Ó Shuaitheadh go Sos: Grianghraif de Chogadh na Saoirse

Turas ar líne bunaithe ar an taispeántas Ó Shuaitheadh go Sos: Grianghraif de Chogadh na Saoirse.



Imeachtaí agus Cainteanna ar líne

Podchraoladh History Ireland: 'Ulysses in History'

I gcomhar le sraith na Scoile Scairte ó *History Ireland*.

Sraith Litríochta maidir le Teorainneacha: New Horizons

Clár sé mhí ar líne chun scrúdú a dhéanamh ar éagsúlacht tuiscintí liteartha ar thaithí daoine ar theorainneacha. Agus an clár á choimeád go comhpháirteach leis an Ollamh Nicholas Allen ó Ollscoil Georgia, bhí an seisiún deireanach againn i mí an Mhárta.

Plé Painéil: Cad chuige ar chóir bailiúcháin LADTA+ a bhronnadh ar Leabharlanna?

Plé painéil bríomhar ar na cúiseanna ar chóir bailiúcháin LADTA+ a bhronnadh ar leabharlanna agus cartlanna agus na ceisteanna a bhaineann le teacht a bheith ag daoine orthu.



Instagram Beo: Léamh ar Lá Idirnáisiúnta na Filíochta le Julie Morrissy

Caint agus léamh ag am lóin ar Instagram Beo le File Cónaithe NLI, Julie Morrissy.

Léacht Cuimhneachán bliantúil i gcuimhne ar Bhreandán Ó Buachalla


Léacht ar líne i gcomhar le Cumann na Scríbhneann nGaedhilge. Labhair an Dr. Katharine Simms, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, ar an ábhar 'An Pósadh Measctha in Éirinn na Meánaoise'.

Club Leabhar Filíochta Míosúil

Tugann an grúpa ar líne seo fóram inrochtana leis na dánta is fearr le daoine a léamh agus a phlé, é á chur i láthair agus á threorú ag an bhfoireann atá ag obair le SH:LNA.

Léacht ar Líne: Nuair a Tháinig Deireadh leis an gCeol

Cíoradh ar na cúiseanna a mbítear ag féachaint ar Chogadh na gCarad agus béim ar an 'tráma' agus an fhorbairt ar smaointe na síceolaíochta ag tús an 20ú haois.



Caint ar Líne: 'Misean na mBan'

Mionscrúdú ar ghníomhaíochtaí polaitiúla mhná na hÉireann sa 19ú haois leis an gcainteoir an Dr. Ciara Stewart.

Caint ar Líne: Clóliosta agus an Ghaeilge

Thug Máire Ní Chonalláin, Coimeádaí Cúnta i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, an chaint ar líne seo mar chuid den cheiliúradh ar Sheachtain na Gaeilge.



Ríomhfhoghlaim

Tosú ar an Taighde – Cainteanna Lóin agus Tráthnóna

NLI a chur i láthair mar fhoinsé don taighde.

Tús Eolais ar an nGinealas

Agus é dírithe ar ghlantosaítheoirí, léiríodh sa chúrsa ocht seachtaine seo na dóigheanna chun stair an teaghlaigh a dhéanamh le hacmhainní ginealais na Leabharlainne Náisiúnta mar aon le foinsí eile.

Ceardlanna do Scoileanna

Ceardlanna Fíorúla do Scoileanna a chuir SH:NA i láthair do dhaltáí ó scoileanna náisiúnta agus idirnáisiúnta.

Coimisiúin Chruthaitheacha



Tá an obair a dhéantar le daoine cruthaitheacha iontach tábhachtach le gur féidir leis an Leabharlann Náisiúnta tacú le saol cultúrtha an náisiúin agus cur le bailiúcháin na leabharlainne.

RADICAL! Women and the Irish Revolution

Rinneadh paimfléad nua de dhánta, íomhánna, aistriúchán agus nótaí taighde le Julie Morrissy a fhoilsiú in Iúil 2022. Aistriúchán go Gaeilge le Ciara Ní É. Dearadh, leagan amach agus clóchur le Shauna Buckley. Tá an paimfléad mar thoradh ar an am a chaith Morrissy mar Fhile Cónaithe NLI, tionscnamh ar tugadh faoi i gcomhar leis an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán agus Clár Dheich mBliana na gCuimhneachán a bhí ar siúl idir Meitheamh 2021 agus Meitheamh 2022.

Postcards from Heaney Country

I mí Mheán Fómhair, chuaigh Leabharlann Náisiúnta na hÉireann i gcomhpháirt leis an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus le hEastát Seamus Heaney sa togra *Postcards from Heaney Country*, sraith gearrscannán bunaithe ar cheithre dhán le Heaney.

Taispeánadh an scannán *Postcards from Heaney Country* i mí na Nollag. Bhí plé ann ina dhiaidh bunaithe ar an tionscadal.

Nuáil

Tá clú ar Leabharlann Náisiúnta na hÉireann le fada mar gheall ar an tionscnaíocht agus tá an Leabharlann ar thús cadhnaíochta sa bhailiú digiteach agus sa digitiú lena chinntiú go ndéanfar tírdhreach athraitheach an chultúir agus na staire a chaomhnú don am atá le teacht agus go mbeidh teacht ag cách orthu. Tá corradh le 160,000 mír ó na bailiúcháin náisiúnta digitithe againn go dtí seo.

Cartlannú Roghnaíoch an Ghréasáin

Déanaimid codanna de ghréasán na hÉireann a chartlannú ar bhonn roghnach gach bliain, cead againn é a dhéanamh agus ról ag an bpobal sa phróiseas. Is féidir na láithreáin a bhrabhsáil sa chartlann go díreach mar a dhéanfadh úsáideoir é ar an ngréasán. Tá siad slán sábháilte, fiú más rud é go bhfuil an láithreán iomlán athraithe nó imithe.

I mbailiúcháin na cartlainne gréasáin atá againn déantar láithreáin ghréasáin a bhfuil ábhar Éireannach orthu ó 2011 go dtí an lá atá inniu ann a chaomhnú agus a chur ar fáil don phobal go hoscailte.



Rinneamar 736 láithreán gréasáin a chíoradh le linn 2022 agus cuireadh 6.1 TB sonraí breise le Cartlann Ghréasáin Roghnaitheach NLI. Bhíothas ag plé le réimse mór láithreán, cinn a bhain leis an gcultúr, an diaspóra, oideachas agus spórt chomh maith le gluaiseachtaí sóisialta. Chuathas ar aghaidh leis an obair chun taifead a choinníoll de fhreagairt na hÉireann ar COVID-19.

Buaicphointí Digiteacha


Sa bhliain 1809, cheap rialtas na Breataine Coimisinéirí na bPortach chun tuarascálacha agus léarscáileanna mórsála a chur le chéile ar thalamh portaigh in 22 contae éagsúil in Éirinn. Go luath in 2022, rinne NLI digitiú ar an mbailiúchán de na léarscáileanna lámhscríofa ollmhóra chun foinse dhigiteach luachmhar de shonraí stairiúla geospásúla a chruthú chomh maith le comhpháirtíochtaí nua a chothú. Tionscadal idirdhisciplíneach is ea RePEAT ina dtagann an éiceolaíocht, an stair agus an tíreolaíocht le chéile. Agus é maoinithe ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (RTBM) agus ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC), táthar ag féachaint in RePEAT le teacht ar bhealaí chun déine bainistíochta tailte portaigh in Éirinn a laghdú agus athfhluchadh tailte portaigh in Éirinn a fhiosrú.

Clár Intéirneachta - Caomhnú

Tá clár intéirneachta bliantúil á reáchtáil ag NLI i gcomhar leis an gComhairle Oidhreachta. Chuathas ar aghaidh le hintéirneachtaí caomhnaithe in 2022. Samplaí den obair thionscadail a rinneadh: imleabhair lámhscríbhíne a chaomhnú lena ndigitiú, agus forshealbhúcháin nua dár mbailiúcháin priontaí, líníochtaí agus de nithe inbhailithe a chaomhnú.

Éagsúlacht agus Ionchuimsiú

Tá an éagsúlacht agus an t-ionchuimsiú mar bhonn faoi gach a ndéanaimid, rud a thógann ar thraidisiún fada agus muid ag cur fáilte roimh chách. Tugaimid tús áite don chomhionannas agus déanaimid an éagsúlacht agus an t-ionchuimsiú a fhí isteach i ngach gné dár gcuid oibre dár mbailiúcháin agus dár gcaidrimh oibre.



Buaicphointí ón gcartlannú atá déanta ar láithreáin ghréasáin le déanaí: An Daonáireamh ar an 3 Aibreán 2022 agus 50 Bliain d'Éirinn san Aontas Eorpach



Mionsonraí de léarscáil lámhdhéanta ón tionscadal RePEAT sa Stiúideo Digiteach

Buaicphointí:

- Tá lúba éisteachta suiteáilte ar fud ár bhfoirgnimh chun cabhrú le léitheoirí agus cuairteoirí a bhfuil lagú éisteachta orthu.
- Lean an coiste oibre don Chomhionannas Gníomhach, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú, a bhfuil baill foirne NLI air, ar aghaidh lena chuid oibre.
- Rinne SH:LNA cúig fhíseán a choimisiúnú chun ateangaireacht go TCÉ a dhéanamh ar dhánta le Heaney taobh le treoir don fhilíocht.
- Rinneadh dul chun cinn ar an gcárta JAM chun tacú le daoine atá faoi mhíchumas rúnda le gur féidir leo a chur in iúl do dhaoine eile go bhfuil nóiméad de dhíth orthu go ciúin agus go héasca

Comhpháirtíochtaí Digiteacha

Mar chuid de chomhdháil 2022 iPRES i nGlaschú maidir leis an gCaomhnú Digiteach, bhí baill foirne ón Leabharlann Náisiúnta mar chomhaltaí coiste ar an gCuibhreasann Idirnáisiúnta leis an Idirlíon a Chaomhnú, an Chomhghuaillíocht don Chaomhnú Digiteach, Lónra na hÉireann don Léann Digiteach agus Coiste Cláir iPRES. Tugadh cuireadh dúinn fosta páirt a ghlacadh ar Chomhairle BitList DPC.

Bhí an Leabharlann Náisiúnta ag obair i gcomhar le hInstitiúid Scannán na hÉireann i mí Dheireadh Fómhair chun cur i láthair a thabhairt le chéile ar chlaonadh teanga mar chuid den 6ú comhdháil bhliantúil 'No Time To Wait' ar an Háig. Ar an Lá Domhanda don Chaomhnú Digiteach, 2022, thug baill foirne ó NLI ceardlann ar an láthair dar teideal: 'Béim ar an Digiteach: Buntreoir faoi bheith ag obair le bailiúcháin ghrianghrafadóireachta a cruthaíodh go digiteach ar dtús'.

Athdhearadh iomlán ar an Láithreán Gréasáin

Leanadh ar aghaidh leis an obair phleanála agus forbartha do láithreán gréasáin NLI i rith 2022 agus tá seoladh beartaithe go luath in 2023. Beidh leibhéal níos fearr d'innrochtaineacht don úsáideoir ar an láithreán gréasáin dátheangach nua a bheidh mar chuidiú againn forbairt a dhéanamh ar ár gcumarsáid ar ardáin éagsúla.

Nuashonrú ar an gCatalóg ar líne

I ndiaidh dúinn uasghrádú riachtanach a dhéanamh ar ár gcatalóg ar líne (<https://catalogue.nli.ie>) i Samhain 2021, tháinig méadú 11% ar an rannpháirtíocht in 2022.

Fágann an comhéadan nuashonraithe go bhfuil innrochtaineacht níos fearr ag úsáideoirí air. Ós rud é go n-úsáidtear Formáid Idirmhalartaithe Íomhánna Idirnáisiúnta (IIIF), déantar a chinntiú go mbeidh ár n-ábhar digitithe inroinnte agus in-athúsáidte. Mar chuid de nuashonruithe eile a rinneadh ar an gcatalóg, tugadh ábhar NLI ó sources.nli.ie, registers.nli.ie agus bunachar na seanpháipéar isteach chuig catalogue.nli.ie. Fágann sé sin go bhfuil úsáideoirí in ann cuardach a dhéanamh ar an ábhar catalógaithe ar fad in aon áit amháin den chéad uair.

COVID-19

Cé go raibh teacht ag an bpobal ar ár spásanna poiblí arís le linn 2022, bhíomar fós díograiseach i dtaobh timpeallacht oibre a bheadh slán sábháilte a chur ar fáil do gach ball foirne agus cuairteoir.

Sainordú na hEarnála Poiblí um Ghníomhú ar son na hAeráide

Leagtar béim sa sainordú ar na cuspóirí is tábhachtaí do chomhlachtaí poiblí ó thaobh gníomhú ar son na haeráide de. Tuairiscíonn NLI ar na nithe seo a leanas d'fhonn cloí leis an sainordú:

1. Astaíochtaí Gás Ceaptha Teasa

Tá coigilt fuinnimh 52.4% le feiceáil do NLI i gcomparáid le bonnbhlain 2009 sa tuarascáil faireacháin agus tuairiscithe do 2022 ó Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann.

2. Feidhmiú an tsainordaithe

D'fhaomh an Bord Treochlár NLI 2022 um Ghníomhú ar son na hAeráide.

3. Tuairisc ar ghníomhaíochtaí inbhuanaitheachta

Thit tionscnaimh inbhuanaitheachta amach agus chuathas ar aghaidh leo in 2022, na cinn seo ina measc:

- Chuathas ar aghaidh leis an gclár chun soilse LED nua a chur isteach san fheistiú solais
- Coirí gáis nua sa Chartlann Náisiúnta Ghrianghrafadóireachta
- Cuireadh gloiniú tánaisteach isteach i bhfuinneoga faoi leith
- Bhíothas páirteach san fheachtas 'Úsáid Níos Lú'

4. Tugann NLI deimhniú go mbítear ag cloí le


Ciorclán 1/2020: Nósanna imeachtaí chun na hastaíochtaí a bhaineann leis an aerthaisteal oifigiúil a fhritháireamh.



An chomhdháil 'No Time to Wait' sa Háig



Kieran O'Leary ag freastal ar na Gradaim don Chaomhnú i nGlaschú



Dearadh ar an láithreán gréasáin ar bun faoi láthair

LEABHARLANN NÁISIÚNTA NA HÉIREANN

Ráitis Airgeadais 2022

Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil na gComhaltaí Boird	34
Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach	39
Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste	42
Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus ar Chúlchistí Ioncaim Coinnithe	44
Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach	45
Ráiteas ar Staid an Airgeadais	46
Ráiteas ar Shreafaí Airgid	47
Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais	48

Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil na gComhaltaí Boird

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022

Rialachas

Ceapadh Bord Leabharlann Náisiúnta na hÉireann (NLI) i gcomhréir leis an Acht um Fhorais Chultúir, 1997. Tá feidhmeanna an Bhoird leagtha amach in Alt 12 den Acht (Feidhmeanna Bhord na Leabharlainne). Beidh an Bord cuntasach don Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán agus beidh siad freagrach as dea-rialachas a chinntiú agus feidhmíonn siad an tasc sin trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a shocrú agus trí chinntí straitéiseacha a dhéanamh maidir le gach príomh-shaincheist ghnó. Tá an Stiúrthóir agus an fhoireann shinsearach ceannaireachta freagrach as bainistíocht, rialú agus stiúradh rialta laethúil na Leabharlainne Náisiúnta. Caithfidh an Stiúrthóir agus an Fhoireann Shinsearach Ceannaireachta cloí leis an treoir straitéiseach a leagann an Bord, agus caithfidh siad a áirithiú go mbíonn tuiscint shoiléir ag gach comhalta boird ar na príomhghníomhaíochtaí agus príomhchinntí i ndáil leis an eintiteas, agus maidir le haon rioscaí suntasacha ar dócha go dtiocfaidh siad aníos. Gníomhaíonn an Stiúrthóir mar idirghabhálaí díreach idir an Bord agus lucht bainistíochta na Leabharlainne.

Freagrachtaí an Bhoird

Tá an obair agus na freagrachtaí atá ag gach duine atá bainteach le feidhmiú an Bhoird leagtha amach sa Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) do chomhaltaí den Bhord, don Chathaoirleach, Stiúrthóir agus Rúnaí. Tá leagtha amach so Chód freisin na nithe atá forchoimeáda go sonrath le go ndéanfaidh an Bord cinneadh ina leith. Samplaí de na buanmhíreanna a ndearna an Bord iad a mheas:

- ◆ Dearbhuithe Leasanna,
- ◆ Tuarascálacha ó na coistí,
- ◆ Tuarascálacha airgeadais/cuntais bhainistíochta,
- ◆ Tuarascálacha ar fheidhmíocht, agus
- ◆ Nithe forchoimeáda.

Leis an Acht um Fhorais Chultúir, 1997, Alt 35, ceanglaítear ar Bhord NLI ráitis airgeadais a ullmhú i cibé foirm a cheadóidh an tAire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán agus na cuntais go léir is cuí agus is gnách a choinneáil den airgead go léir a fhaigheann agus a chaitheann sé.

Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú, éilítear ar Leabharlann Náisiúnta na hÉireann na nithe seo a dhéanamh:

- ◆ Beartais chuntasaíochta iomchuí a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- ◆ Breitheanna agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus stuama;
- ◆ Ráitis airgeadais a ullmhú bunaithe ar an mbonn gnóthais leantaigh ach amháin má bhíonn sé míchuí talamh slán a dhéanamh de go leanfaidh Leabharlann Náisiúnta na hÉireann ag feidhmiú; agus
- ◆ Ráiteas a thabhairt maidir lenar comhlíonadh nó nár comhlíonadh na caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme, faoi réir aon imeachtaí ábhartha atá nochtá agus sna ráitis airgeadais agus míniú tugtha ina leith.

Deimhníonn an Bord go bhfuiltear tar éis cloí leis na ceanglais thuas agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú.

Ní mór don Bhord taifid chuntasaíochta chuí a choimeád, ina nochtar staid airgeadais NLI ag aon am le cruinneas réasúnta, agus lena gcuirtear ar a chumas don Bhord a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Alt 35 den Acht. Is é an Bord atá freagrach as an eolas airgeadais atá ar láithreán gréasáin NLI i dtaobh é a choinneáil suas chun dáta agus macánta.

Tá an Bord freagrach as an bplean bliantúil agus as na buiséid bhliantúla a cheadú. Tá measúnú ar bun ar fheidhmíocht NLI agus tagairt á déanamh do phlean gnó agus buiséad bliantúil na heagraíochta. Tá an Bord freagrach freisin as a chuid sócmhainní a chosaint agus, mar sin, as bearta réasúnta a dhéanamh chun calaíoch agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Measann an Bord go dtugtar léargas fírinneach agus cóir le ráitis airgeadais na Leabharlainne Náisiúnta ar fheidhmíocht airgeadais agus ar staid airgeadais NLI ar an 31 Nollaig 2022. Thug an Bord formheas ar an 29 Meitheamh 2023 leis an ráiteas seo a shíniú chomh maith leis na ráitis airgeadais don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022.

Struchtúr an Bhoird

Is é atá ar an mBord ná Cathaoirleach agus 11 ghnáthchomhalta, iad go léir ceaptha ag an Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán. Ceapadh na comhaltaí den bhord do thréimhse a mhairfidh 3 bliana nó 5 bliana agus beidh 6 chruinniú acu sa bhliain. Tugtar téarma ceapacháin comhaltaí Boird sa tábla thíos:

Comhaltaí an Bhoird	Ról	Dáta an Cheapacháin	Dáta deiridh an téarma	Sonraí Breise
Eoin McVey	Cathaoirleach	Ceapadh mar ghnáthchomhalta é ar an 8 Feabhra 2021 agus mar Chathaoirleach ar an 29 Iúil 2021	7 Feabhra 2026	Ainmní ó Chumann Ríoga Bhaile Átha Cliath
An tOll. Maeve Conrick	Gnáth-Chomhalta	24 Samhain 2020	23 Samhain 2023	Ceaptha arís in 2020
An Dr. Conor Kostick	Gnáth-Chomhalta	24 Samhain 2020	23 Samhain 2023	Ceaptha arís in 2020
Jennifer Taaffe	Gnáth-Chomhalta	24 Samhain 2020	23 Samhain 2023	Ceaptha arís in 2020
An Dr. Marie Bourke	Gnáth-Chomhalta	8 Feabhra 2021	7 Feabhra 2026	Ainmní ó Chumann Ríoga Bhaile Átha Cliath
Katherine McSharry	Gnáth-Chomhalta	8 Feabhra 2021	Éirithe as: 12 Eanáir 2023	Ainmní Foirne NLI
John Grenham	Gnáth-Chomhalta	29 Iúil 2021	28 Iúil 2026	
Lisa Grimm	Gnáth-Chomhalta	29 Iúil 2021	28 Iúil 2026	
Lorelei Harris	Gnáth-Chomhalta	29 Iúil 2021	28 Iúil 2026	
An tOll. Ciarán Ó hÓgartaigh	Leas-Chathaoirleach agus Gnáth-Chomhalta	29 Iúil 2021	28 Iúil 2026	
An tOll. Kalpana Shankar	Gnáth-Chomhalta	29 Iúil 2021	28 Iúil 2026	
Caitriona Sharkey	Gnáth-Chomhalta	29 Iúil 2021	28 Iúil 2026	

Tharraing Katherine McSharry siar mar chomhalta den Bhord ar an 8 Aibreán 2022 don tréimhse ina raibh sí ag feidhmiú mar Stiúrthóir Gníomhach. D'éirigh sí as NLI ar an 12 Eanáir 2023. Tá ról an ainmní foirne ar an mBord folamh faoi láthair.

Bhí ochtar (8) ban (67%) agus ceathrar (4) fear (33%) ar an mBord an 31 Nollaig 2022. Mar sin, ní chomhlíonann an Bord sprioc an rialtais faoi láthair i dtaobh ionadaíocht ar a laghad 40% a bheith ag gach inscne ar Bhoird Stáit. Bíonn téarma idir 3 bliana agus 5 bliana ag comhaltaí den Bhord. Tá dul chun cinn á dhéanamh ag an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán le go mbeidh an tAire in ann duine a cheapadh don ról atá folamh agus folúntais eile atá le teacht. Cuirfear na moltaí ón Leabharlann Náisiúnta san áireamh ó thaobh comhaltaí Boird a cheapadh de i dtaca leis na scileanna, an éagsúlacht agus an meascán inscne a theastaíonn.

Chuir an Bord athbhreithniú féinmheasúnaithe inmheánach ar éifeachtacht i gcrích i mí na Nollag 2021 agus chuir athbhreithniú féinmheasúnaithe seachtrach ar éifeachtacht i gcrích i Meán Fómhair 2022.

Tá trí fhochoiste den Bhord ann. Fochoistí reachtúla is ea dhá cheann acu, an Coiste Comhairleach do Léitheoirí agus an Coiste Ginealais agus Araltais. Fochoiste neamhreachtúil is ea an ceann eile, an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca.

- ◆ Tá beirt chomhaltaí boird agus ceathrar comhaltaí neamhspleácha ar an gCoiste Comhairleach do Léitheoirí. An phríomhfheidhm atá ag an gCoiste Comhairleach do Léitheoirí comhairle a chur ar an mBord i dtaca le nithe a bhaineann le seirbhísí atá á soláthar ag an Leabharlann. Bhí trí chruinniú ag an gcoiste seo in 2022.
- ◆ Ceathrar comhaltaí boird agus ceathrar comhaltaí seachtracha nach ón mBord iad atá ar an gCoiste Ginealais agus Araltais. An phríomhfheidhm atá ag an gCoiste Ginealais agus Araltais ná comhairle a chur ar an mBord maidir le nithe a éiríonn as cumhachtaí agus feidhmeanna reachtúla an Bhoird i réimsí an ghinealais agus an araltais. Bhí trí chruinniú ag an gcoiste seo in 2022.
- ◆ Ceathrar comhaltaí boird agus comhaltaí seachtrach neamhspleách amháin atá ar an gCoiste Iniúcháireachta agus Riosca. Is é ról an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca tacú leis an mBord maidir lena chuid freagrachtaí i dtaca le saincheistanna a bhaineann le riosca, rialú agus rialachas agus dearbhú gaolmhar. Tá an CIR neamhspleách ar bhainistíocht airgeadais na heagraíochta. Go háirithe, déanann an coiste a chinntiú go ndéantar faireachán gníomhach neamhspleách ar na córais um rialú inmheánach, gníomhaíochtaí iniúcháireachta ina measc. Tuairiscíonn an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca don Bhord i ndiaidh gach cruinnithe agus cuireann tuarascáil bhliantúil ar fáil don Bhord. Bhí sé chruinniú ag an gCoiste Iniúcháireachta agus Riosca in 2022. Seo a leanas comhaltaí an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca le linn 2022:

- ◆ An tOllamh Ciarán Ó hÓgartaigh (Cathaoirleach)
- ◆ An tOllamh Maeve Conrick
- ◆ Jennifer Taaffe
- ◆ Caitriona Sharkey
- ◆ Teresa Harrington (comhalta neamhspleách seachtrach – cuntasóir cáilithe a ceapadh an 15 Feabhra 2021 agus a d'éirigh as an 4 Lúnasa 2022)
- ◆ An tOllamh Philip O'Regan (comhalta neamhspleách seachtrach – cuntasóir cáilithe a ceapadh an 14 Lúnasa 2022)

Sceideal Tinrimh, Táillí agus Costais

Tá sceideal tinrimh ó chruinnithe an Bhoird agus na gCoistí in 2022 leagtha amach thíos, lena n-áirítear na táillí agus na costais a fuair gach comhalta:

Comhalta Boird	An Bord	An Coiste Iniúcháireachta agus Riosca	An Coiste Comhairleach Léitheoirí	An Coiste Ginealais agus Araltais	Táillí an Bhoird €	Costais Dhearbhaite €
An líon cruinnithe	6	6	3	3		
Eoin McVey	6				-	185
An tOll. Maeve Conrick	6	5			-	279
An Dr. Conor Kostick	6			2	-	-
Jennifer Taaffe	6	4			-	-
An Dr. Marie Bourke	6				-	-
Katherine McSharry	2*		3		-	-
John Grenham	6			3	-	-
Lisa Grimm	5			3	-	-
Lorelei Harris	5		3		-	-
An tOll. Ciarán Ó hÓgartaigh	5	6			-	541
An tOll. Kalpana Shankar	5			2	-	21
Caitriona Sharkey	6	5			-	-
						1026

*Tharraing Katherine McSharry siar mar chomhalta den Bhord ar an 8 Aibreán 2022 don tréimhse ina raibh sí ag feidhmiú mar Stiúrthóir Gníomhach.

D'fhreastail Teresa Harrington ar 4 chruinniú den Choiste Iniúcháireachta agus Riosca in 2022.

D'fhreastail an tOllamh Philip O'Regan ar chruinniú amháin (1) den Choiste Iniúcháireachta agus Riosca in 2022.

Ní íocann an Leabharlann táillí le comhaltaí Boird.

Príomh-Athruithe Pearsanra

Tá sonraí faoi athruithe ar chomhaltas an Bhoird le linn 2022 leagtha amach thuas faoi Struchtúr an Bhoird. D'éirigh an Stiúrthóir as an ról i Márta 2022. Ghlac an Leas-Stiúrthóir an ról mar Stiúrthóir Gníomhach i Márta 2022 agus d'éirigh as Leabharlann Náisiúnta na hÉireann in Eanáir 2023. D'éirigh an Ceannasaí Acmhainní Daonna as an ról sin i mí Dheireadh Fómhair 2022. Ceapadh Ceannasaí Forbraíochta nua in Eanáir 2022 in NLI. Ceapadh Ceannasaí nua Soláthair Seirbhíse i Lúnasa 2022 in NLI.

Cineálacha noхта a éilítear de réir an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016)

Tá an Bord freagrach as a chinntiú go bhfuil Leabharlann Náisiúnta na hÉireann i ndiaidh cloí leis na ceanglais sa Chód Cleachtais

chun Comhlachtaí Stáit a Rialú ('an Cód'), arna fhoilsiú ag an Roinn


Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i mí Lúnasa 2016. Teastaíonn na nochtuithe a leanas faoin gCód:

- ◆ Miondealú ar shochair ghearrthéarmacha fostaithe – leagtha amach i nóta 5 (f) a ghabhann leis na ráitis airgeadais.
- ◆ Costais sainchomhairleoireachta - leagtha amach i nóta 6 (b) a ghabhann leis na ráitis airgeadais.
- ◆ Costais dlí agus socrúithe – leagtha amach i nóta 6 (b) a ghabhann leis na ráitis airgeadais.
- ◆ Caiteachas taistil agus cothaithe – leagtha amach i nóta 6 (a) a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais.
- ◆ Caiteachas fáilteachais — ní raibh aon chaiteachas fáilteachais ag NLI in 2021 ná 2022.


Ráiteas Comhlíontachta

Tá an Bord tar éis glacadh leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) agus nósanna imeachta a chur i bhfeidhm lena chinntiú go gcloífead leis an gCód. Chomhlíon Leabharlann Náisiúnta na hÉireann an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú sa bhliain 2022.

Thar ceann Bhord Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.



Eoin McVey
Cathaoirleach



An Dr. Audrey Whitty
Stiúrthóir

Dáta: 29 Meitheamh 2023

Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022

Réim Freagrachta

Thar ceann Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, admhaímid freagracht an Bhoird as a chinntiú go gcoimeádtar agus go bhfeidhmítear córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh. Tá na riachtanais faoin gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016) mar chuid den fhreagracht sin.

Seirbhísí Comhroinnte

Cuireann an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte (Vóta 18) feidhmeanna párolla agus acmhainní daonna ar fáil ar bhonn seirbhísí comhroinnte. Tá Oifigeach Cuntasaíochta na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte freagrach as feidhmiú na rialuithe sna hIonaid um Sheirbhísí Comhroinnte.

Tá próiseas iniúcháireachta curtha i bhfeidhm ag an Oifigeach Cuntasaíochta um Sheirbhísí Comhroinnte chun dearbhú neamhspleách a thabhairt i dtaobh feidhmiú rialuithe sna seirbhísí comhroinnte. Meascán de na nithe seo atá sa dearbhú sin:

- ◆ Obair inmheánach iniúcháireachta déanta ag an Aonad um Iniúcháireacht Inmheánach ón Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte, agus
- ◆ Iniúchtaí á ndéanamh ag gnólacht cuntasóirí i gcomhréir leis an gCaighdeán Idirnáisiúnta um Dhearbhuithe Iontaofachta (ISAE 3402) atá deartha chun bheith ag tuairisciú do ranna úsáideoirí agus a n-iniúcháirí maidir leis na rialuithe sna seirbhísí comhroinnte. Sna hiniúchtaí seo, déantar éifeacht na rialuithe a cuireadh i bhfeidhm in 2022 a thuairisciú.

Tá litir maidir le dearbhú curtha ar fáil ag an Oifigeach Cuntasaíochta um sheirbhísí comhroinnte i dtaobh na socrúithe don rialú inmheánach agus iniúchadh. Tuairiscíonn an tOifigeach ar na hiniúchtaí ar fheidhmiú na rialuithe le linn 2022.

Tógann NLI dearbhú ón gcóras rialaithe sna seirbhísí comhroinnte de réir mar a thuairiscíonn an tOifigeach Cuntasaíochta don Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte.

Cuspóir an Chórais um Rialú Inmheánach

Tá an córas um rialú inmheánach deartha chun riosca a bhainistiú go leibhéal inghlactha seachas fáil réidh leis ar fad. Ní féidir leis an gcóras ach dearbhú réasúnta seachas dearbhú iomlán a thabhairt go ndéantar sócmhainní a chosaint, idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh i gceart, agus go ndéantar earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha a chosc nó a bhrath in am trátha.

Bhí an córas rialaithe inmheánaigh, atá ar aon dul le treoir arna heisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i bhfeidhm i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022 agus suas go dáta faofa na ráiteas airgeadais.

An cumas chun déileáil le Riosca

Tá Coiste Iniúcháireachta agus Riosca (CIR) ag Leabharlann Náisiúnta na hÉireann ar a bhfuil ceathrar comhaltaí Boird agus comhalta seachtrach amháin agus saeolas airgeadais agus iniúcháireachta acu. Bhí sé chruinniú ag an gCoiste Iniúcháireachta agus Riosca in 2022.

Tá feidhm iniúcháireachta inmheánaí ag Leabharlann Náisiúnta na hÉireann mar atá leagtha síos i gCairt an Bhoird don Iniúcháireacht Inmheánach. Tá an obair a dhéanann feidhm na hiniúcháireachta inmheánaí bunaithe ar anailís ar an riosca dá bhfuil an comhlacht neamhchosanta. Tá pleananna bliantúla don iniúcháireacht inmheánach bunaithe ar an anailís sin. Tá an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca ag tacú leis an anailís ar riosca agus leis na pleananna don iniúcháireacht inmheánach, agus tá an Bord tar éis iad a cheadú. Cuireann an tIniúcháir Inmheánach tuairiscí ar ghníomhaíocht iniúchta inmheánaigh faoi bhráid an Bhoird. Tá feidhm na hiniúcháireachta inmheánaí seachfhoinisithe chuig gnólacht seachtrach.

Tá beartas bainistíochta riosca forbartha ag an gCoiste Iniúcháireachta agus Riosca ina leagtar amach a inghlacthacht riosca, na próisis bainistíochta riosca atá i bhfeidhm agus lena sonraítear ról agus freagrachtaí na mball foirne maidir leis an riosca. Táthar tar éis an beartas a eisiúint don fhoireann go léir a bhfuiltear ag súil go n-oibreoidh siad de réir bheartais bhainistíochta riosca Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, chun an lucht bainistíochta a chur ar an eolas maidir le rioscaí atá ag teacht chun cinn agus laigí rialaithe agus freagracht a ghlacadh as rioscaí agus rialuithe laistigh dá réimse oibre féin.

Creatlach Riosca agus Rialaithe

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag Leabharlann Náisiúnta na hÉireann lena n-aithnítear agus lena dtuairiscítear na príomhrioscaí, chomh maith leis na gníomhartha bainistíochta atá á nglacadh chun dul i ngleic leo, agus chomh fada agus is féidir, chun na rioscaí sin a mhaolú. Tá an bhainistíocht riosca mar bhuanordú i gcónaí ag Bord na Leabharlainne ar chlár na gcruinnithe. Rinne an Bord athbhreithniú agus nuashonrú ar a bheartas um bainistíocht riosca agus ar a ráiteas inghlacthachta riosca don Leabharlann in 2021.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm lena sonraítear na príomhrioscaí roimh Leabharlann Náisiúnta na hÉireann agus rinneadh iad sin a shonrú, a mheasúnú agus a aicmiú de réir a dtábhachta. Déanann an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca athbhreithniú agus nuashonrú ar an gclár ar bhonn leathbhliantúil agus déanann an Bord athbhreithniú air ar bhonn bliantúil. Baintear úsáid as toradh na measúnuithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a dháileadh lena chinntiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú go leibhéal inghlactha.

Tá sonraí sa chlár rioscaí ar na rialuithe agus bearta atá riachtanach chun rioscaí a mhaolú agus tá freagracht as oibriú na rialuithe sannta do bhaill foirne faoi leith. Deimhnímid go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm ina bhfuil na gnéithe seo a leanas le fáil:

- ◆ Rinneadh na nósanna imeachta maidir leis na príomhphróisis ghnó uile a thaifeadh,
- ◆ Tá freagrachtaí airgeadais tugtha do dhaoine ar leibhéal an lucht bainistíochta chomh maith leis an gcuntasacht lena mbaineann,
- ◆ Tá córas buiséadaithe iomchuí ann agus buiséad bliantúil chomh maith a ndéanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithniú rialta leanúnach air,
- ◆ Tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide a chinntiú,
- ◆ Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint, agus
- ◆ Tá nósanna imeachta um rialú i bhfeidhm lena chinntiú go bhfuil rialú leormhaith ann ar mhaoiniú deontais sa dóigh is go ndéantar é a chur i bhfeidhm don chúis atá beartaithe.

Faireachán agus Athbhreithniú Leanúnach

Tá nósanna imeachta foirmiúla i bhfeidhm le faireachán a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh ó thaobh rialú de in iúl dóibh siúd a bhfuil de fhreagracht orthu bearta ceartaitheacha a dhéanamh, don lucht bainistíochta agus don Bhord, nuair is iomchuí, in am agus i dtráth. Deimhnímid go bhfuil na córais faireacháin seo a leanas i bhfeidhm:

- ◆ Táthar tar éis príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara a shonrú agus cuireadh próisis i bhfeidhm chun faireachán a dhéanamh ar fheidhmiú na rialuithe is tábhachtaí sin agus chun aon easpaí a aithnítear a thuairisciú,
- ◆ Tá socruithe tuairiscithe curtha ar bun ar gach leibhéal atá freagrach as cúrsaí airgeadais a bhainistiú, agus
- ◆ Déanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithniú rialta ar an bhfeidhmíocht thréimhsiúil agus bhliantúil agus ar thuarascálacha airgeadais a léiríonn feidhmíocht i gcomparáid le réamh-mheastachán/tuartha.

Soláthar

Deimhnímid go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag Leabharlann Náisiúnta na hÉireann lena chinntiú go ndéantar rialacha agus treoirínite reatha soláthair a chomhlíonadh. Seachas na conarthaí sin atá á nochtadh sa pharagraf dar teideal ‘Saincheisteanna maidir le Rialú Inmheánach’ thíos, chloígh an Leabharlann lena nósanna imeachta in 2022.

Athbhreithniú ar Éifeachtacht

Deimhnímid go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag Leabharlann Náisiúnta na hÉireann chun faireachán a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistithe agus rialaithe riosca. Déantar faireachán agus athbhreithniú Leabharlann Náisiúnta na hÉireann ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh a threorú le hobair na n-iniúcháirí inmheánacha agus seachtracha, an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca a dhéanann formhaoirseacht ar a gcuid oibre agus an lucht ardbhainistíochta i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh a fhorbairt agus a chothú.


Deimhnímid go ndearna an Bord athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha do 2022 ar an 23 Feabhra 2023.

Saincheisteanna maidir le Rialú Inmheánach


Níor sonraíodh aon laigí maidir leis an rialú inmheánach in 2022 seachas iad siúd atá á nochtadh seo thíos a bhaineann le caiteachas de €145,176 (2021: €30,750):

- ◆ Maidir le conradh amháin (2022: €95,872, 2021: €30,750) a bhaineann le seirbhísí caidreamh poiblí, cumarsáide agus margaióchta a sholáthar, bronnadh é sin bunaithe ar phróiseas iomaíoch ach cuireadh síneadh leis le go mbeadh dáta deiridh an chonartha ní ba dheireanaí ná mar a bhí beartaithe, é sin ceadaithe ag an mBord. Tá comórtas soláthair maidir leis an tseirbhís seo a sholáthar curtha i gcrích agus cuireadh conradh nua i bhfeidhm i Meán Fómhair 2022.
- ◆ Maidir le conradh amháin (2022: €49,304, 2021: €nád) a bhaineann le seirbhísí slándála a sholáthar don Leabharlann Náisiúnta, bronnadh é sin bunaithe ar phróiseas iomaíoch ach cuireadh síneadh leis le go mbeadh dáta deiridh an chonartha ní ba dheireanaí ná mar a bhí beartaithe, é sin ceadaithe ag an mBord. Tá comórtas soláthair maidir leis an tseirbhís seo a sholáthar curtha i gcrích agus cuireadh conradh nua i bhfeidhm i Meán Fómhair 2022.

Thar ceann Bhord Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.



Eoin McVey
Cathaoirleach



An Dr. Audrey Whitty
Stiúrthóir

Dáta: 29 Meitheamh 2023

Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste



An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste Comptroller and Auditor General

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Leabharlann Náisiúnta na hÉireann

Tuairim ar na ráitis airgeadais

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais Leabharlann Náisiúnta na hÉireann don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022 faoi mar a cheanglaítear faoi fhorálacha alt 35 den Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997. Cuimsítear sna ráitis airgeadais

- an ráiteas ioncaim agus caiteachais agus cúlchistí ioncaim coimeáda
- an ráiteas ar ioncam cuimsitheach
- an ráiteas maidir leis an staid airgeadais
- an ráiteas faoi shreabhadh airgid, agus
- na nótaí gaolmhara, lena n-áirítear achoimre ar bheartais shuntasacha chuntasaíochta.

I mo thuairimse, tugtar léargas firinneach cóir sna ráitis airgeadais ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar staid airgeadais Leabharlann Náisiúnta na hÉireann ar an 31 Nollaig 2022 agus ar a hioncam agus a caiteachas le haghaidh 2022 i gcomhréir le Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais (FRS) 102 — *An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann*.

Bunús na tuairime

Rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta ar Iniúchóireacht (ISAnna) ama bhfógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar mo fhreagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín leis an tuarascáil seo. Táim neamhspleách ar Leabharlann Náisiúnta na hÉireann agus chomhlíon mé m'fhreagrachtaí eitiiciúla eile de réir na gcaighdeán.

Creidim gur leor agus gur iomchuí an fhianaise iniúchóireachta a fuair mé chun bunús a thabhairt le mo thuairim.

Tuarascáil maidir leis na bhfaisnéis seachas na ráitis airgeadais, agus maidir le cúrsaí eile

Chuir Leabharlann Náisiúnta na hÉireann faisnéis áirithe eile i láthair in éineacht leis na ráitis airgeadais. Cuimsítear inti an tuarascáil bhliantúil, an ráiteas um rialachas agus tuarascáil na gcomhaltaí Boird, agus an ráiteas maidir le rialú inmheánach. Tá cur síos déanta san aguisín leis an tuarascáil seo ar mo fhreagrachtaí i ndáil leis an bhfaisnéis sin, agus ar chúrsaí áirithe eile ar a dtugaim tuairisc trí eisceacht.

Níl rud ar bith le tuairiscíú agam maidir leis sin.

Mary Henry
Ar son agus thar ceann
An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste

06 Iúil 2022

Aguisín a ghabhann leis an tuarascáil

Freagrachta na gcomhaltaí Boird

Mar atá sonraithe sa ráiteas rialachas agus i dtuarascáil bhail an Bhoird, tá bail an Bhoird freagrach as

- na ráitis bhliantúla airgeadais a ullmhú san fhoirm a fhorordaítear faoi alt 35 den Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997
- a chinntiú go dtugtar léargas fíor agus cóir sna ráitis airgeadais i gcomhréir le FRS 102
- rialacht na n-idirbheart a chinntiú
- measúnú a dhéanamh ar cé acu an bhfuil nó nach bhfuil úsáid bhonn an ghnóthais leantach de chuntasaíocht iomchuí, agus
- cibé rialú inmheánach a mheasann siad a bheith riachtanach a chur i bhfeidhm ionas gur féidir ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíshonrú ábhartha, cibé acu de bharr calaoise nó earráide.

Freagrachtaí an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi Alt 35 den Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997, ráitis airgeadais Leabharlann Náisiúnta na hÉireann a iniúchadh agus tuairisc a thabhairt do Thithe an Oireachtais orthu.

Is é mo chuspóir agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam dearbhú réasúnta a fháil faoi cibé an bhfuil nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-íomláine saor ó mhíshonruithe ábhartha de bharr calaoise nó earráide. Leibhéal ard dearbhaite is ea dearbhú réasúnta, ach ní chinntítear leis go mbraithear míshonruithe ábhartha nuair atá siad ann le hiniúchadh a dhéantar i gcomhréir leis na ISAnna. D'fhéadfadh míshonruithe teacht ó chalaos nó ó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha i gcás go mbeifí ag súil leo le réasún, ina n-aonar nó sa chomhiomlán, go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíoch na n-úsáideoirí a dhéanfadh siad ar bhonn na ráiteas airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchadh i gcomhréir leis na ISAnna, feidhmím breithiúnas gairmiúil agus coimeádaím sceipteachas gairmiúil le linn an iniúchta. Agus amhlaidh á dhéanamh,

- déanaim na rioscaí um míshonrú ábhartha sna ráitis airgeadais cibé acu de bharr calaoise nó earráide a shainaithint agus a mheasúnú; ceapaim agus déanaim nósanna imeachta iniúchóireachta atá freagrúil do na rioscaí sin; agus faighim an fhianaise iniúchóireachta ar leor agus ar iomchuí i chun bunús a chur le mo thuairim. Bíonn an riosca mura mbraithear míshonrú ábhartha a bhíonn mar thoradh ar chalaos níos airde ná ceann a bhíonn mar thoradh ar earráid, toisc go bhféadfadh claonpháirteachas, bríonnú, easnaimh d'aon ghnó, mífhaisnéis, nó sárú ar rialú inmheánach bheith i gceist le calaois.
- Faighim tuiscint ar an rialú inmheánach a bhaineann leis an iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a cheapadh atá iomchuí sna cúinsí, ach ní chun tuairim a chur in iúl maidir le héifeachtúlacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanann meastóireacht ar oiriúnacht na mbeartas cuntasaiochta a úsáideadh agus réasúntacht na meastachán cuntasaiochta agus an nocht lena mbaireann.

- Cinnim ar an oiriúnacht d'úsáid bhunús cuntasaiochta an ghnóthais leantach agus, bunaithe ar an bhfianaise iniúchóireachta a fhaightear, cinnim má tá neamhchinnteacht ábharach ann maidir leis na heachtraí nó coinneollacha ar féidir leo amhras suntasach a chaitheamh ar chumas Leabharlann Náisiúnta na hÉireann chun leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Má chinnim go bhfuil neamhchinnteacht ábharach ann, tá sé ceangailte orm aird a tharraingt i mo tuarascáil ar an nochtadh gaolmhar sna ráitis airgeadais nó, murar leor an nochtadh sin, mo thuairim a mhionathrú. Tá mo chonclúidí bunaithe ar an bhfianaise iniúchóireachta a fhaightear suas go dtí dáta mo tuarascála. Is féidir, áfach, nach leanfaidh Leabharlann Náisiúnta na hÉireann ar aghaidh mar ghnóthas leantach de bharr eachtraí nó coinneollacha sa todhchaí.
- Déanaim meastóireacht ar chur i láthair, struchtúr agus ábhar foriomlán na ráiteas airgeadais, lena n-áirítear an nochtadh, agus cibé an léirítear nó nach léirítear na hidirbhearta agus na himeachtaí bunaidh sna ráitis airgeadais ar mhodh um chur i láthair cothrom.

Cuirim iad siúd a bhfuil freagracht orthu as rialachas ar an eolas faoi, i measc cúrsaí eile, raon feidhme agus tráthúlacht bheartaithe an iniúchta agus torthaí suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear easnaimh shuntasacha ar bith sa rialú inmheánach a sainaitheann le linn m'iniúchta.

Déanann tuairisc trí eisceacht ar an méid seo a leanas, má cheapaim,

- nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad a theastaím uaim d'iniúchadh, nó
- nárbh leor na taifid cuntasaiochta chun a chur ar mo chumas iniúchadh réidh cuí a dhéanamh ar na ráitis airgeadais, nó
- nach raibh na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

Faisnéis seachas na ráitis airgeadais

Ní chumhdaítear i mo thuairim ar na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile atá curtha i láthair leis na ráitis sin, agus ní chuirim foirm ar bith de chonclúid dearbhaite in iúl fúthu.

I ndáil le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, ceanglaítear orm faoi na ISAnna faisnéis eile atá ann a léamh agus, ag déanamh amhlaidh, a mheas cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil an fhaisnéis eile neamhréir go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó leis an eolas a fuarthas le linn an iniúchta, nó más cosúil go bhfuil sí míshonraithe go hábhartha ar bhealach ar bith eile. Má chinnim, bunaithe ar an obair a rinne mé, go bhfuil míshonrú ábhartha san fhaisnéis eile sin, ceanglaítear orm é sin a thuairiscíú.

Tuairiscíú ar chúrsaí eile

Déantar m'iniúchadh faoi threoir na mbreithnithe speisialta atá ceangailte ar na comhlachtaí Stáit i dtaca lena mbainistíocht agus oibriú. Tuairiscím má thagaim ar chúrsaí ábhartha ar bith ann i dtaca leis an dóigh inar stiúradh an gnó poiblí.

Féachaim le fianaise a fháil maidir le rialacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Tuairiscím má thagaim ar chás ábhartha ar bith ann nár cuireadh airgead poiblí i bhfeidhm chun na críocha dá raibh sé beartaithe nó i gcás nár chloigh na hidirbhearta leis na húdaráis a rialaíonn iad.


Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus ar Chúlchistí Ioncaim Coinnithe

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022


	Nóta	2022 €	2021 €
IONCAM			
Deontais ón Oireachtas	2	9,911,208	8,950,113
Tabhartais (Ábhair agus Airgead)	3	49,000	98,296
Glanmhaoiniú Pinsin Iarchurtha	7(c)	1,511,000	1,066,000
Ioncam Eile	4	304,013	342,156
Ioncam Iomlán		11,775,221	10,456,565
CAITEACHAS			
Íocaíocht	5	7,821,059	7,150,557
Riarachán agus Oibríochtaí	6	1,521,408	1,319,748
Cláir	8	1,475,394	1,136,376
Dímheas	11	342,954	358,351
Caiteachas Iomlán		11,160,815	9,965,032
Glanbharrachas Oibríúcháin		614,406	491,533
Aistriú chuig an gCuntas Caipitil – Sócmhainní Oidhreachta	10	(335,242)	(1,051,684)
Aistriú chuig an gCuntas Caipitil — Sócmhainní Dochta Oibríúcháin	10	304,659	279,456
Barrachas / (Easnamh) don Bhliain		583,823	(280,695)
Iarmhéid arna Thabhairt ar Aghaidh ar an 1 Eanáir		1,004,913	1,285,608
Iarmhéid arna Thabhairt ar Aghaidh ar an 31 Nollaig		1,588,736	1,004,913

Cuid de na ráitis airgeadais seo atá sa Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus i nótaí 1 go 19.

Thar ceann Bhord Leabharlann Náisiúnta na hÉireann:



Eoin McVey
Cathaoirleach



An Dr. Audrey Whitty
Stiúrthóir

Dáta: 29 Meitheamh 2023


Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022


	Nóta	2022 €	2021 €
(Easnamh) / Barrachas don Bhliain		583,823	(280,695)
Gnóthachain / (caillteanas) ó thairbh ar oibleagáidí sochair scoir	7(b)	303,000	(1,382,000)
Athrú ar na toimhdí atá mar bhunús do luach reatha na n-oibleagáidí sochair scoir	7(b)	18,981,000	(2,059,000)
Gnóthachan / (Caillteanas) Achtúireach Iomlán sa Bhliain		19,284,000	(3,441,000)
Coigeartú ar mhaoiniú iarchurtha i gcás sochair scoir		(19,284,000)	3,441,000
(Costas) / Ioncam Cuimsitheach Iomlán don Bhliain		583,823	(280,695)

Cuid de na ráitis airgeadais seo atá sa Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus i nótaí 1 go 19.

Thar ceann Bhord Leabharlann Náisiúnta na hÉireann:



Eoin McVey
Cathaoirleach



An Dr. Audrey Whitty
Stiúrthóir

Dáta: 29 Meitheamh 2023


Ráiteas ar Staid an Airgeadais

Ar an 31 Nollaig 2022

	Nóta	2022 €	2021 €
Sócmhainní Neamhreatha			
Réadmhaoín, Gléasra agus Trealamh	11	507,156	811,815
Sócmhainní Oidhreachta	12	28,457,252	28,122,010
		28,964,408	28,933,825
Sócmhainní Reatha			
Infháltais	13	417,843	415,068
Airgead agus Coibhéisí Airgid		1,909,261	1,356,231
		2,327,104	1,771,299
Dlíteanais Reatha (suimeanna dlite laistigh de bhliain amháin)			
Suimeanna iníoctha	14	738,368	766,386
Glansócmhainní Reatha		1,588,736	1,004,913
Sochair Scoir			
Oibleagáidí maidir le Sochar Scoir	7(b)	(35,137,000)	(52,910,000)
Sócmhainn chun Sochar Scoir Iarchurtha a mhaoiniú	7(b)	35,137,000	52,910,000
Glansócmhainní Iomlána		30,553,144	29,938,738
Lena léirítear			
Cuntas Caipitil:			
Sócmhainní Oidhreachta	10	28,457,252	28,122,010
Sócmhainní Dochta Oibriúcháin	10	507,156	811,815
Cúlchistí Ioncaim Coinnithe		1,588,736	1,004,913
		30,553,144	29,938,738

Cuid de na ráitis airgeadais seo atá sa Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus i nótaí 1 go 19.

Thar ceann Bhord Leabharlann Náisiúnta na hÉireann



Eoin McVey
Cathaoirleach



An Dr. Audrey Whitty
Stiúrthóir

Dáta: 29 Meitheamh 2023

Ráiteas ar Shreafaí Airgid

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022

	Nóta	2022 €	2021 €
Glansreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin			
Farasbarr Ioncaim a sháraíonn Caiteachas / (Caiteachas a sháraíonn Ioncam)		583,823	(280,695)
Ábhair a Bronnadh		(48,000)	(98,275)
Dímheas Sócmhainní Dochta	11	342,954	358,351
Méadú ar Infháltais		(2,775)	(37,080)
(Laghdú) / Méadú i Suimeanna Iníoctha		(28,018)	17,272
Méadú ar an gCuntas Caipitil		30,583	772,228
Diúscairt Sócmhainní Dochta	11	15,164	-
Glan-Insreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin		893,731	731,801
Sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta			
Íocaíochtaí chun Sócmhainní Dochta a fháil	11	(53,459)	(78,895)
Íocaíochtaí chun Sócmhainní Seasta a fháil	12	(287,242)	(953,409)
Glansreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta		(340,701)	(1,032,304)
		553,030	(300,503)
Glanmhéadú / (Glanlaghdú) ar Airgead agus Coibhéisí Airgid			
Airgead Coibhéisí Airgid ar an 1 Eanáir		1,356,231	1,656,734
Airgead agus Coibhéisí Airgid ar an 31 Nollaig		1,909,261	1,356,231

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022

1. Beartais Chuntasaíochta

Leagtar amach thíos an bunús cuntasaíochta agus na beartais thábhachtacha chuntasaíochta atá glactha ag Leabharlann Náisiúnta na hÉireann. Cuireadh na beartais sin ar fad i bhfeidhm go comhsheasmhach i rith na bliana agus don bhliain roimhe sin.

(a) Faisnéis Ghinearálta

Cuireadh Leabharlann Náisiúnta na hÉireann ar bun faoin Acht um Fhorais Chultúir, 1997, agus ceannoifig na Leabharlainne i Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2.

Is mar seo a leanas príomhchuspóirí Leabharlann Náisiúnta na hÉireann mar atá leagtha amach i gCuid 12 den Acht um Fhorais Chultúir, 1997:

“...ábhair na Leabharlainne Náisiúnta i mbailiúchán na Leabharlainne Náisiúnta a chaomhnú, a athchóiriú, a chothabháil agus a mhéadú ar mhaithe leis an bpobal agus taifead ar ábhair leabharlainne a bhaineann le hÉirinn (lena n-áirítear ábhair a bhaineann leis an nGaeilge) a bhunú agus a choimeád agus chun rochtain éigin a thabhairt do bhaill den phobal ar ábhair a bhaineann le tíortha eile.”

Eintiteas chun Leas an Phobail is ea Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.

(b) Ráiteas Comhlíontachta

Ullmhaíodh ráitis airgeadais Leabharlann Náisiúnta na hÉireann (“An Leabharlann Náisiúnta”) don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig, 2022 de réir Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais (FRS) 102, an caighdeán tuairiscithe airgeadais atá i bhfeidhm sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn arna n-eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais (FRC).

(c) Bonn an Ullmhaithe

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil, cé is moite de shócmhainní agus dliteanais áirithe a rinneadh a thomhas ar a luach cóir mar a mhínítear sna beartais chuntasaíochta thíos. Tá na ráitis airgeadais san fhoirm mar atá formheasta ag an Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán faoin Acht um Fhorais Chultúir, 1997. Cuireadh na beartais chuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm go comhsheasmhach nuair a bhí plé á dhéanamh le míreanna a mheastar le bheith bainteach le ráitis airgeadais na Leabharlainne Náisiúnta.

Mar atá leagtha amach i Nóta 15, bunaíodh Iontaobhas Leabharlann Náisiúnta na hÉireann (an tIontaobhas) chun cuidiú le forbairt na Leabharlainne Náisiúnta. Ní dhéantar torthaí an Iontaobhais a chomhdhlúthú leis na ráitis airgeadais seo ar an mbonn nach n-éilítear a leithéid de réir Alt 35 den Acht um Fhorais Chultúir, 1997.

(d) Ioncam

Deontais ón Oireachtas

Maidir le hioncam ó Dheontais Oireachtais, Fotheideal B.7, An Leabharlann Náisiúnta a Shamhlú as an Nua – Forbairt Caipitil, aithnítear é sin ar bhonn inaisíochta i gcomhréir leis an gcaiteachas a tabhaíodh sa bhliain. Aithnítear an t-ioncam ar fad eile ó Dheontais Oireachtais ar bhonn fáltais airgid.

Ioncam Eile

Aithnítear ioncam eile ar bhonn fabhrúithe.

Costais Dhíreacha

Maidir le costais dhíreacha a bhaineann le hioncam eile a chruthú as gníomhaíochtaí na Leabharlainne Náisiúnta, mar shampla Araltas, taispeántar iad sin ar éadan Nóta 4, Ioncam Eile.

(e) Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh

Tá réadmhaoin, gléasra agus trealamh luaite ar a gcostas lúide dímheas carntha, arna choigeartú d’aon soláthar don lagú. Déantar dímheas maidir le gach réadmhaoin, gléasra agus trealamh, ar rátaí a mheastar chun costas gach sócmhainne a dhíscríobh, lúide an luach iarmharach measta, de réir méid chothroim, thar a saolré úsáideach ionchasach, mar seo a leanas:

(i)	Troscán agus Feistis	10% sa bhliain
(ii)	Trealamh TF	25% sa bhliain
(iii)	Trealamh Oifige agus Ginearálta	20% sa bhliain
(iv)	Oibriúchán na dTaispeántas	20% sa bhliain nó fad a mhaireann taispeántas

Maidir le réadmhaoin, gléasra agus trealamh atá faoi thairseach an chaipitlithe de €10,000 (tairseach de €1,000 i bhfeidhm roimh an 1 Eanáir 2022), déantar a leithéid a chaitheamh sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe i mbliain an cheannacháin.

Léirítear leis an luach iarmharach an méid measta a gheofaí faoi láthair ó dhiúscairt sócmhainne, tar éis costais mheasta na diúscairthe a asbhaint, dá mbeadh an tsócmhainn sin ar aois agus sa riocht a mbeadh coinne leis ag deireadh a saolré úsáidí.

Má bhíonn fianaise oibiachtúil ann ar lagú ar luach sócmhainne, aithnítear cailteanas lagaithe sa Ráiteas ar Ioncam agus ar Chaiteachas agus sna Cúlchistí Ioncaim Coinnithe sa bhliain.

Tá sócmhainní dochta na Leabharlainne Náisiúnta á gcistiú ag meascán de dheontais chaipitil agus leithdháilí ón ioncam reatha. Déantar maoiniú a fhaightear ó dheontais a aistriú go cuntas caipitil agus déantar é sin a amúchadh i gcomhréir le dímheas na sócmhainní gaolmhara.

(f) Infháltais

Aithnítear infháltais ar a luach cóir, lúide soláthar d’fhiacha amhrasacha más cuí. Foráil shonrach is ea an soláthar d’fhiacha amhrasacha, a bhunaítear nuair is ann d’fhianaise oibiachtúil nach mbeadh an Leabharlann Náisiúnta in ann gach méid atá dlite dí a bhailiú. Aithnítear gach gluaiseacht in aon soláthar d’fhiacha amhrasacha sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus sna Cúlchistí Ioncaim Coinnithe.

(g) Sochair Fostaithe

Sochair Ghearrthéarmacha

Aithnítear sochair gearrthéarmacha amháil pá saoire mar chostas sa bhliain, agus áirítear sochair a fhabhraítear ag deireadh na bliana san fhigiúr Iníochta sa Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais.

Sochair Scoir

Bhunaigh an Leabharlann Náisiúnta a scéim pinsin féin le sochar sainithe roimhe seo, (“An Phríomh-Scéim”), arna maoiniú go bliantúil ar bhonn ‘foc mar a úsáidtear’ ón airgead a chuireann an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán ar fáil agus ó ranníocaíochtaí a asbhaintear de thuarastail na mball foirne. Oibríonn Leabharlann Náisiúnta na hÉireann Scéim Pinsin Aonair na Seirbhísí Poiblí (“An Scéim Aonair”) freisin. Is scéim sochair shainithe í sin do státseirbhísigh inphinsin arna gceapadh an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh. Íoctar ranníocaíochtaí chomhaltaí na Scéime Aonair leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (RCPA).

Sna costais pinsin, léirítear sochair pinsin arna dtuilleamh ag fostaithe, agus léirítear iad glan ar ranníocaíochtaí pinsin foirne a choinníonn an Leabharlann Náisiúnta. Aithnítear aon suim a bhaineann leis an muirear pinsin mar ioncam sa mhéid go bhfuil sé inghnóthaithe go ndéantar é a fhritháireamh in aghaidh deontais a fhaightear le linn na bliana i leith íocaíochtaí pinsin a íoc.

Tá gnóthachain agus cailteanais achtúireacha a d'éirigh as dlíteanais na scéime léirithe sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach agus tá coigeartú comhfhreagrach aitheanta sa tsuim atá inghnóthaithe ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán.

Léiríonn na ráitis airgeadais – ar luach cóir –na sócmhainní agus na dlíteanais a eascraíonn as oibleagáidí pinsin na Leabharlainne Náisiúnta agus aon mhaoiniú gaolmhar, agus aithnítear na costais a bhaineann le sochair phinsin a sholáthar sna tréimhsí cuntasáíochta ina dtuillteann fostaithe iad. Déantar dlíteanais na scéime sochair scoir a thomhas ar bhonn achtúireach trí bhíthin leas a bhaint as modh na n-aonad réamh-mheasta creidmheasa.

(h) Sócmhainní Oidhreachta agus Bailiúcháin na Leabharlainne

An sainmhíniú a thugtar i gcás Sócmhainní Oidhreachta ná sócmhainní inbhraite a bhfuil gnéithe stairiúla, ealaíonta, eolaíocha, teicniúla, geoifisiceacha nó comhshaoil iontu agus atá á gcoinneáil agus á gcothabháil go príomha mar gheall ar an méid a chuireann siad le heolas agus cultúr.

Aitheantas Tosaigh

Nuair a dhéantar réada a cheannach, déantar iad a thairfeadh ar a gcostas sna ráitis airgeadais. Nuair a dhéantar réada a bhronnadh, déantar iad a thairfeadh ar luach reatha agus an méid sin measta ag Coimeádaithe na Leabharlainne. Déantar tagairt, más féidir, ar na margaí tráchtála agus úsáidtear eolas ar idirbhearta le gairid ó cheantanna leis sin a dhéanamh. I gcás bronntanais nuair a bhaineann an Leabharlann Náisiúnta leas as Alt 1003 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997, déantar iad siúd a thairfeadh ar bhonn na luachála a dhéanann Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim.

Aithnítear bronntanais mar ioncam agus déantar aistriú comhfhreagrach chuig cuntas caipitil na Sócmhainní Dochta Oidhreachta mar seo:

- ◆ I gcás bronntanais nach leagann aon choinníollacha sonraithe ar an Leabharlann ó thaobh na feidhmíochta de amach anseo, aithnítear iad siúd mar ioncam nuair a fhaightear iad nó nuair a mheastar go bhfuil siad infhaighte;
- ◆ I gcás bronntanais a leagann aon choinníollacha sonraithe ar an Leabharlann ó thaobh na feidhmíochta de amach anseo, ní aithnítear iad siúd mar ioncam nuair a fhaightear iad go dtí go ndéantar na coinníollacha feidhmíochta a shásamh; agus
- ◆ Nuair a fhaightear acmhainní sula ndéantar na critéir aitheantais ioncaim a shásamh, déantar dlíteanas a aithint.

Luacháil

Ní mheasann an Bord gur féidir faisnéis iontaofa ó thaobh costais ná luachála de a fháil i gcás na míreanna atá i mbailiúcháin na Leabharlainne Náisiúnta. Na cúiseanna atá leis sin ná éagsúlacht na n-ábhar atá ann, an líon míreanna san bailiúcháin agus an easpa nithe ar an margadh ionas gur féidir comparáid a dhéanamh eatarthu. Dá bharr sin, ní aithníonn an Leabharlann Náisiúnta a cuid bailiúcháin ar fad mar shócmhainní sa Ráiteas ar Staid an Airgeadais seachas saothair a fuarthas a raibh costas nó luacháil €5,000 nó níos mó ná sin ag baint leo agus a fuarthas nó a bronnadh ó bunaíodh an Bord i mBealtaine 2005. Déantar iad siúd a aicmiú mar Shócmhainní Oidhreachta ar dháta an tairfeadta.

Déantar sócmhainní oidhreachta a aithint ar dtús ar an túschoistas mar an luach a tugadh le haghaidh míreanna a bronnadh. Déantar na míreanna a thabhairt ar aghaidh ar costas sa ráiteas ar staid an airgeadais agus laghduithe don lagú ann nuair is cuí.

I gcás gach saothar a fhaightear don bhailiúcháin a n-íoctar €5,000 agus níos mó ná sin as, déantar iad siúd a mhaoiniú ó leithdháileadh cistithe caipitil na Leabharlainne Náisiúnta don bhliain. Déantar saothair a fhaightear a chosnaíonn níos lú ná €5,000 a mhaoiniú ón leithdháileadh reatha maoinithe.

Déantar an Cartlannú Gréasáin agus Digitíú a chaipitliú ar a gcostas. Nuair a bhíonn baint dhíreach ann idir catalógú agus meiteashonraí leis na tionscadail don Chartlannú Gréasáin agus Digitíú, déantar na costais sin a chaipitliú chomh maith.

Lagú

Ní dhímheastar luach sócmhainní oidhreachta. Má bhíonn fianaise oibiachtúil ann ar lagú ar luach sócmhainne oidhreachta, aithnítear cailteanas lagaithe sa Ráiteas ar Ioncam agus ar Chaiteachas agus sna Cúlchistí Ioncaim Coinnithe sa bhliain. D'fhéadfadh sócmhainn oidhreachta a lagú, mar shampla i gcás go mbíonn caitheamh agus cuimilt i gceist, má bhriseann an tsócmhainn nó má bhítear in amhras faoi bharántúlacht na sócmhainne.

Costais Chaomhnaithe

Maidir le caiteachas caomhnaithe a theastaíonn chun míreanna faoi leith a chaomhnú nó lena chinntiú nach dtiocfaidh meath breise orthu, aithnítear an caiteachas sin sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe nuair a thabhaítear a leithéid.

(i) Breithiúnais agus Meastacháin Chuntasáíochta Chriticiúla

Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, ní foláir don lucht bainistíochta breithiúnais, meastacháin agus toimhdí a dhéanamh a mbíonn tionchar acu ar na méideanna arna dtuairisciú le haghaidh sócmhainní agus dlíteanas ar dháta an tuairiscithe agus na suimeanna arna dtuairisciú d'ioncaim agus do chaiteachais i rith na bliana. Mar sin féin, d'fhéadfadh na torthaí iarbhrí a bheith éagsúil leis na meastacháin sin mar gheall ar nádúr an mheastacháin féin. Is iad na breithiúnais seo a leanas is mó a chuaigh i gcion ar na suimeanna atá aitheanta sna ráitis airgeadais.

Sócmhainní Oidhreachta a Bronnadh

Úsáidtear teicnící luachála chun luach míreanna a bhronntar ar an Leabharlann Náisiúnta a ríomh. Tugann an Leabharlann Náisiúnta breithiúnas agus meascán modhanna á roghnú mar atá leagtha amach sa bheartas cuntasáíochta i gcomhair Sócmhainní Oidhreachta (h) thuas.

Bearnú Réadmhaoine, Gléasra agus Trealaimh

Déantar athbhreithniú ar shócmhainní atá faoi réir ag amúchadh do bhearnú nuair a léirítear le heachtraí nó athruithe i gcúinsí go mb'fhéidir nach mbeadh an tsuim ghlanluacha in-aisghabhála. Aithnítear cailteanas bearnaithe mar an tsuim a sháraíonn suim ghlanluacha na sócmhainne a suim in-aisghabhála. Is ionann méid in-aisghabhála na sócmhainne ná luach cóir na sócmhainne lúide a costas díolta nó a luach úsáide, cibé acu is airde.

D'fhonn bearnú a mheas, déantar sócmhainní a ghrúpáil ag an leibhéal is ísle a bhfuil sreafaí inaitheanta airgid (aonaid ghinte airgid) ar leith ag baint leo. Déantar athbhreithniú ar shócmhainní neamhairgeadais a d'fhulaing bearnú le féachaint an bhfuil an bearnú curtha droim ar ais ag gach dáta tuairiscithe.

Dímheas agus Luachanna Iarmharacha

Tá athbhreithniú déanta ag an mBord ar shaolré sócmhainní agus ar na luachanna iarmharacha gaolmhara i gcás gach aicme de shócmhainní seasta agus, go háirithe, ar shaolré eacnamaíoch fhóna agus ar luachanna iarmharacha daingneán agus feisteas, agus bhain de thátal as gurb iomchuí saolré na sócmhainní agus na luachanna iarmharacha.

Maoiniú iarchurtha glan do Shochair Scoir

I dtaca leis na Scéimeanna Aoisliúntais dá dtagraítear sa rannóg dar teideal “Sochair Fostaithe” thuas:

- ◆ Tá sócmhainn á haithint ag an mBord a fhreagraíonn don dliteanas neamh-mhaoinithe le haghaidh sochair scoir iníochta faoin bPríomhscéim agus faoin Scéim Aonair. Tá maoiniú iarchurtha á aithint ag an mBord chomh maith le haghaidh sochair scoir arna n-aithint sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022. Measann an Bord go ndéanfaidh an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, nó na heintitis a bheidh mar chomharbaí aici, na cistí a sholáthar a bheidh riachtanach chun na hoibleagáidí pinsin neamh-mhaoinithe seo a chomhlíonadh.
- ◆ Déantar ranníocaíochtaí maidir leis an Scéim Aonair a íoc leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. I gcás baill den Scéim Aonair, déantar foráil le halt 44 den Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012, d'fhonn íocaíochtaí pinsin a mhaoiniú de réir mar a thiteann siad trí bhíthin íocaíochtaí as an gCiste Lárnach nó as cistí á gcur ar fáil ag an Oireachtas don chuspóir sin. Scéim sochair shainithe is ea an scéim aonair atá mar chuid de nochtuithe 2022 faoi FRS 102.

Oibleagáid Sochair Scoir

Maidir leis na toimhdí atá faoi na luachálacha achtúireacha lena gcinntear na suimeanna a aithnítear sna ráitis airgeadais (lena n-áirítear rátaí lascaine, rátaí an mhéadaithe i leibhéil chúitimh sa todhchaí agus rátaí básmaireachta), déantar iad a thabhairt chun dáta gach bliain bunaithe ar na dálaí geilleagracha reatha agus le haghaidh aon athruithe ábhartha ar théarmaí agus ar choinníollacha na bpleananna pinsin agus iarscoir.

Is féidir leis na nithe seo a leanas dul i gcion ar na toimhdí sin:

- an ráta lascaine, athruithe ar an ráta fáltais ar bhannaí corparáideacha ardchaighdeán; agus
- leibhéil chúitimh amach anseo, dálaí i margadh an tsaothair amach anseo.

2. Deontais ón Oireachtas

Is mar seo a leanas atá Deontais an Oireachtais a vótáladh chuig an Leabharlann Náisiúnta ó Vóta 33 den Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán (“an Roinn”) mar atá le feiceáil sna ráitis airgeadais:

		2022	2021
		€	€
	Fotheideal		
Leabharlann Náisiúnta na hÉireann – Reatha	B.11	9,205,000	7,695,000
Leabharlann Náisiúnta na hÉireann – Caipiteal	B.11	478,000	478,000
Bonneagar agus Forbairt Chultúrtha – Caipiteal	B.7	215,508	738,891
Músaeim Réigiúnacha, Gailearaithe, Ionaid Chultúrtha agus Tionscadal – Reatha	B.6	12,700	-
Deich mBliana na gCuimhneachán, 1912-1922 – Reatha	B.15	-	38,222
		9,911,208	8,950,113

Is é atá sna deontais faoi fhotheideal B.11 ná deontais bhliantúla na Leabharlainne Náisiúnta chun críocha oibríochta, lena n-áirítear íocaíocht, pinsin, caiteachas riaracháin agus ar chláir, bailiúcháin agus feabhsuithe beaga caipitil.

Luaítear deontas reatha B.11 Leabharlann Náisiúnta na hÉireann de 9,205,000 (2021: €7,695,000) glan ó ranníocaíochtaí sochar scoir de €236,000 (2021: €210,000) san iomlán. Déantar €139,000 (2021: €125,000) a íoc leis an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán i dtaca le scéim sochar scoir foirne Leabharlann Náisiúnta na hÉireann agus €97,000 (2021: €85,000) a íoc leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i dtaca leis an scéim sochar scoir seirbhíse aonair.

Deontais ón gCiste um Bonneagar agus Forbairt Cultúir (Fotheideal B.7.):

	2022	2021
	€	€
An Leabharlann Náisiúnta a Shamhlú as an Nua – Forbairt Caipitil	118,832	107,295
Ciste don Digiú	96,676	142,309
Cartlann Edna O'Brien (tréimhse 2009 - 2021)	-	450,000
Leabharlann Chaisleán Bhinn Éadair - Saothar Faighte	-	39,287
	215,508	738,891

Déantar an maoiniú deontais ar fad a thugtar faoi Fhotheideal B.7 a íoc ina riaráistí nuair a chuirtear sonraisc, conarthaí agus fianaise ar íocaíocht ar fáil.

Aithníodh ioncam de €118,832 (2021: €107,295) i dtaca leis an ranníocaíocht a tugadh ar mhaithe le Forbairt an Sciatháin Thiar a bheidh mar pháirt dár n-oibreacha leanúnacha le hOifig na nOibreacha Poiblí. Bhí €29,792 (2021: €14,501) fós le réiteach i ndeireadh na bliana agus tá an tsuim sin mar chuid den Ioncam Fabhráithe i Nóta 13.

Tá na deontais faoin gCiste Digiúithe ann chun tacú leis an Leabharlann Náisiúnta bailiúcháin na Leabharlainne a dhigiúitiú ionas go mbeidh teacht ag daoine orthu ar líne agus tacaíocht ann ina leith sin.

3. Tabhartais

	2022	2021
	€	€
Ábhair a Bronnadh		
Tabhartais – Airgead Tirim	48,000	98,275
	1,000	21
	49,000	98,296

Déantar tabhartais de mhíreanna bailiúcháin a chaipitliú má dhéantar iad a luacháil ar €5,000 nó níos mó ná sin i gcomhréir leis an mBeartas Bailiúcháin. Rinneadh ceithre rud a bhronnadh ar Bhailiúcháin Speisialta na Leabharlainne Náisiúnta in 2022 ar tugadh luach €5,000 nó níos mó ná sin orthu agus tá mionsonraí fúthu i Nóta 8 (a). 2021: rinneadh ceithre rud a bhronnadh ar Bhailiúcháin Speisialta na Leabharlainne Náisiúnta ar tugadh luach €5,000 nó níos mó ná sin orthu. Ní raibh aon bhronntanas ann faoi Alt 1003 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997 (arna leasú leis an Acht Airgeadais, 2002) in 2022 (2021: ceann ar bith).

4. Ioncam Eile

	2022	2021
	€	€
Seirbhísí Cóipeála	39,476	32,174
Dleachtanna agus Seirbhísí Macasamhlaithe	22,680	10,074
Ioncam Araltais	51,453	66,110
Costais Dhíreacha an Araltais	(47,632)	(47,912)
Ioncam Ginealais	5,994	5,100
An Comhaontas um Shonraí Taighde – Deontas Eorpach	-	(1,704)
Deontas ón gComhairle Oidhreachta	8,555	11,145
Deontas ón gComhairle um Thaighde in Éirinn	4,625	18,500
Taispeántas Heaney - Ioncam Miondíola	31,486	8,842
Taispeántas Heaney - Costais Mhiondíola	(18,983)	(4,307)
Urraíocht	206,000	244,000
Ioncam Ilghnéitheach	359	134
	304,013	342,156

Aithníodh ioncam €206,000 (2021: €244,000) i dtaca le hurraíocht a thug Banc na hÉireann. Is é atá i gceist leis sin ná ranníocaíocht an Bhainc i dtreo oibriú thaispeántas na Leabharlainne Náisiúnta dar teideal *Seamus Heaney: Éist Anois Arís*. Tá an taispeántas lonnaithe in Ionad Cultúrtha agus Oidhreachta Bhanc na hÉireann ina áitreabh i bhFaiche an Choláiste, Baile Átha Cliath 2. Bhí €206,000 (2021: €244,000) fós le réiteach i ndeireadh na bliana agus tá an tsuim sin mar chuid de na Féichiúnaithe i Nóta 13.

5. Íocaíocht

(a) Sochair Chomhiomlána Fostaithe

	2022	2021
	€	€
Sochair Ghearrthéarmacha Foirne	5,276,514	5,001,404
Sochair Foirceanta	-	-
Costais Sochair Scoir	2,086,000	1,721,000
ÁSPC an fhostóra	458,545	428,153
Sochair Chomhiomlána Fostaithe	7,821,059	7,150,557

Bhí 101 ball foirne (coibhéis lánaimseartha) fostaithe i ndeireadh na bliana (2021: 113 ball foirne).

(b) Sochair Ghearrthéarmacha d'Fhostaithe

	2022	2021
	€	€
Bunphá	5,163,522	4,901,318
Ragobair	9,491	116
Liúntais	103,501	99,970
	5,276,514	5,001,404

Ranníocaíocht Aoisliúntais Bhreise na foirne do 2022 ná €138,869 (2021: €125,380).

(c) Sochair Foirceanta

Níor íocadh aon sochair foirceanta in 2022 (2021: €nád).

(d) Príomhphearsanra Bainistíochta

Is iad na Comhaltaí Boird agus an Fhoireann Ceannaireachta Príomhphearsanra Bainistíochta Leabharlann Náisiúnta na hÉireann. Mar chuid den Fhoireann Ceannaireachta tá an Stiúrthóir; an Leas-Stiúrthóir agus Ceannasaí Forbraíochta; an Ceannasaí Acmhainní Daonna; Ceannasaí na mBailiúchán Foilsithe; Ceannasaí na nEastát; Coimeádaí na mBailiúchán Speisialta agus Príomh-Aralt na hÉireann; an Ceannasaí Taispeántas, Foghlama agus Cláreagraithe; an Ceannasaí Airgeadais agus Príomhoifigeach Riosca; Ceannasaí na mBailiúchán Digiteach agus Ceannasaí an tSoláthair Seirbhíse. Ní íocann an Leabharlann táillí le comhaltaí Boird. Leagtha amach thíos tá luach iomlán na sochar fostaithe le haghaidh príomhphearsanra bainistíochta:

	2022	2021
	€	€
Tuarastal	833,373	740,479
Liúntais	7,364	15,307
	840,737	755,786

Ní áirítear ann luach na sochar scoir arna dtuilleamh sa tréimhse. Tá socruithe caighdeánacha phinsean na hearnála poiblí mar chuid den phacáiste íocaíochta don phríomhphearsanra bainistíochta agus ní sháraíonn na teidlíochtaí pinsin téarmaí na scéime eiseamláirí pinsin seirbhíse poiblí.

(e) Luach Saothair an Stiúrthóra

Is mar seo a leanas a bhí luach saothair an Stiúrthóra don tréimhse airgeadais:

	2022	2021
	€	€
Stiúrthóir (ceaptha i Lúnasa 2015, éirithe as i Márta 2022)	34,688	124,778
Stiúrthóir Gníomhach (ceaptha i Márta 2022)	80,151	-
	114,839	124,778

Ní áirítear ann luach na sochar scoir arna dtuilleamh sa tréimhse. Tá socruithe caighdeánacha phinsean na hearnála poiblí mar chuid den phacáiste íocaíochta agus ní sháraíonn teidlíochtaí pinsin an Stiúrthóra téarmaí na scéime eiseamláirí pinsin seirbhíse poiblí. Ní bhaineann aon bhónais ná Sochar Comhchineáil leis an ról seo.

(f) Miondealú ar Shochair Ghearrthéarmacha Fostaithe

Déantar sochair ghearrthéarmacha fostaithe níos mó ná €60,000 a chatagóiriú mar seo a leanas:

An raon iomlán de shochair fostaithe	An Líon Fostaithe	
	2022	2021
Ó go		
€60,000 - €69,999	9	13
€70,000 - €79,999	14	9
€80,000 - €89,999	3	4
€90,000 - €99,999	2	0
€100,000 - €109,999	1	1
€110,000 - €119,999	0	0
€120,000 - €129,999	0	1

Tabhair do d'aire: Maidir leis an nochtadh faisnéise seo, is éard a áirítear le sochair ghearrthéarmacha fostaithe a bhaineann le seirbhísí a tugadh le linn na tréimhse tuairiscithe ná tuarastal, ragobair agus íocaíochtaí eile a dhéantar thar ceann an fhostaí, ach ní áirítear ÁSPC an fhostóra.

6. Riarachán agus Oibríochtaí

	Nóta	2022 €	2021 €
Caiteachas Taistil agus Cothaithe	6(a)	13,269	7,422
Oiliúint agus Forbairt Foirne		26,682	62,444
Caiteachas a bhaineann le hÉagsúlacht, Comhionannas agus Ionchui- msitheacht		26,171	20,557
Leictreachas, Glantachán agus Fónais		367,460	281,074
Cumarsáid agus TF		361,164	332,165
Slándáil		215,248	189,758
Costais Sainchomhairleoireachta	6(b)	253,275	200,898
Speansais Oibriúcháin Ilghnéitheacha		26,304	24,886
Costais Stórála		104,637	83,653
Speansais Oifige		53,460	29,040
Deisiúcháin agus Cothabháil		28,964	34,583
Caillteanais Ráta Malairte Eachtraí		7,513	13,838
Ús Íocaíochtaí Prasa		2,757	2,451
Costais Seirbhísí Seachfhoinisithe		19,340	18,214
Costais a bhain le COVID-19		-	18,765
Caillteanas ar dhiúscairt Sócmhainní Seasta		15,164	-
		1,521,408	1,319,748

(a) Caiteachas Taistil agus Cothaithe

Tá caiteachas taistil agus cothaithe catagóirithe mar a leanas:

	2022 €	2021 €
Comhaltaí Inmheánacha den Bhord	1,026	-
An Fhoireann	2,276	1,787
Comhaltaí Idirnáisiúnta den Bhord	-	-
An Fhoireann	9,967	5,635
	13,269	7,422

(b) Costais Sainchomhairleoireachta

Folaíonn costais sainchomhairleoireachta an costas i leith comhairle sheachtrach don lucht bainistíochta agus ní fholaíonn iontu feidhmeanna seachfhoinisithe gnó mar is gnách.

	2022 €	2021 €
Sainchomhairleoireacht	112,691	43,203
Airgeadas	43,524	103,535
Iníúchadh	48,243	44,272
- Iníúchadh Seachtrach	23,000	23,000
- Iníúchadh Inmheánach	25,243	21,272
Dlí (soláthar san áireamh)	30,854	5,588
Aistriúchán	17,963	4,300
	253,275	200,898

Níor tabhaíodh aon chostais dlí, socruithe ná costais as réiteach agus eadráin sa bhliain a bhain le conarthaí le tríú páirtithe.

7. Costais Sochair Scoir**(a) Anailís ar chostais iomlána sochair scoir a ghearrtar de mhúirear ar an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe**

	2022 €	2021 €
Ollchostas Reatha Seirbhíse	1,783,000	1,603,000
Costas Úis	651,000	432,000
Ranniocaíochtaí Fostaithe	(348,000)	(314,000)
	2,086,000	1,721,000

(b) Athrú ar na Glanoibleagáidí Sochair Scoir le linn na Bliana Airgeadais

	2022 €	2021 €
Oibleagáidí Sochair Shainithe Tosaigh	52,910,000	48,403,000
Costas Reatha Seirbhíse	1,783,000	1,603,000
Costas Úis	651,000	432,000
(Gnóthachan) / Cailteanas Achtúireach – Toimhdí Airgeadais	(18,981,000)	2,059,000
(Gnóthachan) / Cailteanas Achtúireach – ó Thaithí	(303,000)	1,382,000
Sochair Íoctha	(923,000)	(969,000)
Oibleagáidí Sochair Shainithe Deiridh	35,137,000	52,910,000

(c) Maoiniú Iarchurtha Glan do Shochair Scoir

Aithníonn an Bord mar shócmhainn na suimeanna sin atá comhfhreagrach don dliteanas iarchurtha neamh-mhainithe do shochair scoir ar bhonn an tacair toimhdí ar a bhfuil cur síos thíos agus ar bhonn roinnt teagmhas san am atá thart. Áirítear leis na teagmhais seo an bonn reachtúil faoin scéim sochair scoir a chur ar bun, agus an beartas agus an cleachtas atá i bhfeidhm faoi láthair i dtaca le pinsin na seirbhíse poiblí a chistiú, na ranníocaíochtaí ó fhostaithe agus an próiseas bliantúil measúnaithe ina measc. Níl aon fhianaise ag an mBord nach leanfaidh an beartas maoiniúcháin seo ag íoc na suimeanna sin de réir an chleachtais reatha.

Seo a leanas an glanmaoiniú iarchurtha do shochair scoir a sonraíodh sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe:

	2022 €	2021 €
Maoiniú inghnóthaithe maidir le sochair scoir na bliana reatha	2,434,000	2,035,000
Deontas Stáit arna chur i bhfeidhm chun sochair scoir a íoc	(923,000)	(969,000)
	1,511,000	1,066,000

Is é atá sa tsócmhainn maidir le maoiniú iarchurtha le haghaidh sochair scoir an 31 Nollaig 2022 ná €35.1m (2021: €52.9m).

(d) Stair maidir le hOibleagáidí i leith Sochair Shainithe

	2022 €'000	2021 €'000	2020 €'000	2019 €'000	2018 €'000
Oibleagáidí Sochair Shainithe	35,137	52,910	48,403	44,696	39,242
(Gnóthachan) / Cailteanas ó thaithí ar Dhliteanas Scéime Sochair Shainithe	303	(1,382)	313	675	1,577
Céatadán de Dhliteanas an Phlean	0.9%	(2.6%)	0.6%	1.5%	4.0%

(e) Cur síos ginearálta ar na scéimeanna

Is éard atá i scéim sochair scoir na Leabharlainne ná socrú pinsin le sochar sainithe atá bunaithe ar an tuarastal deiridh agus ina ndéantar sochair agus ranníocaíochtaí a shainiú trí thagairt do rialacháin “scéim eiseamláireach” reatha na hearnála poiblí. Faoin scéim, soláthraítear pinsean (1/80 in aghaidh na bliana seirbhíse), aisce nó cnapshuim (3/80 in aghaidh na bliana seirbhíse) agus pinsin do chéil agus do leanaí. Is é 65ú breithlá an chomhalta an ghnáthaois scoir, cé go bhfuil daoine a bhí ina gcomhalta den scéim roimh 2004 i dteideal dul ar scor, gan laghdú achtúireach, nuair a bhaineann siad 60 bliain d’aois amach. Déantar pinsin atá á n-íoc (agus atá á n-iarchur) a mhéadú de ghnáth i gcomhréir le boillsciú ginearálta na dtuarastal san earnáil poiblí.

Tá an Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair (an Scéim Aonair) á feidhmiú chomh maith ag Leabharlann Náisiúnta na hÉireann. Scéim pinsin le sochar sainithe atá ann le haghaidh fostaíthe in aois an phinsin sa tseirbhís poiblí arna gceapadh an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh i gcomhréir leis an Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012. Leis an scéim seo, déantar foráil do phinsean agus cnapshuim scoir bunaithe ar luach saothair inphinsin ar an meán don ghairm chomh maith le pinsin an chéile agus na bpáistí. Is é 66 bliain an aois íosta le haghaidh pinsin (le hardú i gcomhréir le hathruithe ar aois an phinsin Stáit). Cuimsíonn an aois sin an rogha chun dul ar scor go luath atá laghdaithe ar bhonn achtúireach ó 55 bliain d’aois. Tagann méadú ar phinsin atá á n-íoc i gcomhréir leis an bpraghasinnéacs tomhaltóirí.

Bhí an luacháil a úsáideadh i dtaca le nochtadh faoi FRS102 bunaithe ar luacháil iomlán achtúireach i Márta 2023 a rinne achtúire cáilithe neamhspleách chun aird a thabhairt ar riachtanais FRS chun dliteanas na scéime a mheas ar an 31 Nollaig 2022.

Is mar seo a leanas a bhí na Príomhthoimhdí Achtúireacha:

	2022	2021
Boillsciú	2.25%	2.00%
Ráta méadaithe ghinearálta fadtéarma ar thuarastail	3.25%	3.00%
Ráta méadaithe ar shochair stáit	2.75%	2.00%
Ráta méadaithe ar shochair iarchurtha	2.75%	2.00%
Méaduithe ar phinsin	2.75%	2.00%
Ráta lascaire le haghaidh dhliteanas na scéime	4.20%	1.20%

Básmhaireacht

Leis an mbonn básmhaireachta, is ríléir go gceadaítear feabhsuithe san ionchas saoil thar am, ionas go mbeidh ionchas saoil ag dul ar scor ag brath ar an mbliain ina sroicheann ball an aois scoir. Sa tábla thíos tugtar an t-ionchas saoil do chomhaltaí a shroicheann 65 bliain d’aois in 2022 agus 2042.

An bhliain ina sroictear 65 bliain d’aois	2022	2042
Ionchas saoil – fir	87.2	88.6
Ionchas saoil – mná	89.8	91.4

8. Cláir

	2022	2021
Nóta	€	€
Bailiúcháin Speisialta		<i>Athshonraithe</i>
Éadálacha do na Bailiúcháin Speisialta	8(a) 191,718	164,482
Tionscadal Catalógaithe	123,364	129,479
Caomhantas	90,208	49,644
	405,290	343,605
Bailiúcháin Fhoilsithe		
Éadálacha do na Bailiúcháin Fhoilsithe	8(a) 124,138	121,913
Próiseáil agus Ceangal	4,915	3,624
	129,053	125,537
Soláthar Seirbhíse		
Seirbhísí Léitheora	74,977	62,361
An tSeirbhís Staire Teaghligh	3,383	793
	78,360	63,154
Taispeántais, Foghlaim agus Cláreagrú		
Taispeántas: <i>Seamus Heaney: Éist Anois Arís</i>	84,151	68,786
Taispeántais Eile	54,306	24,267
Cláir Phoiblí, Cumarsáid agus Rannpháirteachas	43,848	56,922
Taispeántas: <i>Yeats: Saol agus Saothar William Butler Yeats Éire sa Chéad Chogadh Domhanda: Eispéireas na hÉireann a Chíoradh</i>	9,430	-
	-	636
	191,735	150,611
Araltas		
Ábhar Araltais	5,507	-
	5,507	-
Bailiúcháin Dhigiteacha		
Digitíú	68,570	54,320
Bailiúcháin Dhigitghinte	15,946	21,911
Trealamh Leabharlainne agus Cothabháil	13,216	10,042
	97,732	86,273
Oifig Forbartha		
Cumarsáid, Caidreamh Poiblí agus Fógraíocht	448,766	260,101
	448,766	260,101
Tionscadal Tógála Forbartha Caipitil		
An Leabharlann Náisiúnta a Shamhlú as an Nua – Speansais In-Aisíochta	118,951	107,095
	118,951	107,095
	1,475,394	1,136,376

(a) Saothair Nua-Fhaighte

	Nóta	2022
		€
Éadálacha do na Bailiúcháin Speisialta arna maoiniú tríd an Deontas Reatha		
♦ Seanleabhair agus Leabhair Uathúla		84,888
♦ Lámhscríbhinní		59,130
♦ Earraí Inbhailithe		25,140
♦ Grianghraif		8,936
♦ Priontaí agus Líníochtaí		7,728
♦ An Bailiúchán Ceoil		5,896
		191,718
Éadálacha do na Bailiúcháin Fhoilsithe arna maoiniú tríd an Deontas Reatha		
♦ Leabhair		101,558
♦ Nuachtáin		13,879
♦ Tréimhseacháin		8,701
		124,138
Éadálacha do na Bailiúcháin Speisialta arna maoiniú tríd an Deontas Caipitil		
Lámhscríbhinní		
♦ Cartlann Maurice agus Louise Collis		70,383
♦ Bronnadh Armais ar Nicholas Stanyhurst de Bhaile Átha Cliath (1554)		36,894
♦ Litreacha ó Lucia Joyce chuig Lucie Léon (1959-1970)		16,193
♦ Litreacha Frank Fay (1901-1903)		13,530
♦ Litreacha ó Theodore Roosevelt chuig John Quinn (1905-1917)		9,803
♦ Cartlann Hugh Kennedy (1879-1936)		8,118
♦ Cartlann Fawsitt agus Dowdall		6,750
	12(f)	161,671
Éadálacha do na Bailiúcháin Speisialta arna maoiniú tríd an Deontas Caipitil		
Íomhánna		
♦ Pictiúir uiscédhatha le George Victor Du Noyer (1857)		19,680
	12(f)	19,680
Éadálacha do na Bailiúcháin Speisialta arna maoiniú tríd an Deontas Caipitil		
Clóite		
♦ McClatchie, Thomas (aistritheoir), A Translation of the I-Ching		13,379
♦ An Bíobla i mBéarla, an dá Thiomna (Baile Átha Cliath)		10,178
♦ Luke Wadding: Annales Minorum. Lugduni 1625-1648 7V		6,500
	12(f)	30,057
Bailiúcháin Speisialta a fuarthas mar bhronntanas		
♦ Bailiúchán Bernárd Lynch		20,000
♦ Bailiúchán Alan Shatter		15,000
♦ Bailiúchán Katherine Zappone agus Ann Louise Gilligan Collection		7,000
♦ Litreacha Brian Friel (2010-2015)		6,000
	12(f)	48,000
Éadálacha do na Bailiúcháin Dhigiteacha arna maoiniú tríd an Deontas Caipitil		
♦ Cartlannú Gréasáin		75,834
	12(f)	75,834
Éadálacha Iomlána		651,098

Mar a luaitear i Nóta 1(h), maidir le sócmhainní a fuarthas/a bronnadh ó bunaíodh an Bord in 2005, tá siad sin mar chuid den Ráiteas ar an Staid Airgeadais. I gcás bhailiúcháin na Leabharlainne Náisiúnta ar dháta an bhunaithe, ní dhearnadh iad a dhílsíú sa Bhord - tá siad fós dílsithe sa Stát. Tá an Bord den tuairim nach mbeadh sé praiticiúil na bailiúcháin seo a luacháil ná a gcostas bunaidh a ríomh agus, ar scor ar bith, ní bhainfí eolas as a leithéid de ghníomh a bheadh ábhartha ná úsáideach i dtaca le maoirseacht na Leabharlainne ar na bailiúcháin a mheas.

Nithe ar luach íseal atá sa chuid is mó de na píosáí a fhaightear do na bailiúcháin, nithe ar nós leabhar, nuachtán agus tréimhseachán. I gcás ábhar a fhoilsítear in Éirinn, faightear a leithéid trí bhíthin taisece dhlíthiúil i gcomhréir leis na forálacha in Alt 198 den Acht Cópchirt agus Ceart Gaolmhar, 2000 (arna leasú). I gcás ábhar a fhoilsítear in áiteanna eile, faightear a leithéid trí bhíthin é a cheannach nó mar bhronntanas i gcomhréir leis an mBeartas um Fhorbairt na mBailiúcháin. Mar chuid de sin tá ábhar a foilsíodh i dTuaisceart Éireann chomh maith le hábhar a foilsíodh thar lear a bhaineann le hÉirinn i gcomhréir leis na ceanglais in Alt 12 den Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997.

Tá bailiúcháin le linn 2022 le feiceáil sa tábla thuas, chun idirdhealú a léiriú idir an caiteachas a mhuirearaítear ar an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe ar nithe a bhfuil luach níos lú ná €5,000 ag baint leo – atá á léiriú de réir cineáil – agus caiteachas ar mhíreanna caipitlithe nó tionscadail dhigiteacha a bhfuil luach €5,000 nó níos mó ná sin orthu – atá miondealaithe.

9. Gealltanais

Ní raibh aon ghealltanais chonartha ann ar an 31 Nollaig 2022 (2021: ceann ar bith).

10. Cuntas Caipitil

(a) Sócmhainní oidhreachta

	2022	2021
	€	€
Amhail an 1 Eanáir	28,122,010	27,070,326
Aistriú ón/(chuig an) Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe		
Chun na Sócmhainní Oidhreachta a fuarthas a mhaoiniú	287,242	953,409
Sócmhainní Oidhreachta a bronnadh	48,000	98,275
Ar an 31 Nollaig (Nóta 12 (f))	335,242	1,051,684
	28,457,252	28,122,010

(b) Sócmhainní Dochta Oibriúcháin

	2022	2021
	€	€
Amhail an 1 Eanáir	811,815	1,091,271
Aistriú ón/(chuig an) Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe		
Maoiniú a chur ar fáil le Sócmhainní Dochta a cheannach	53,459	78,895
Amúchadh ar aon dul le dímheas sócmhainní	(342,954)	(358,351)
Caillteanas ar dhiúscairt Sócmhainní Seasta	(15,164)	-
	(304,659)	(279,456)
Ar an 31 Nollaig (Nóta 11)	507,156	811,815

11. Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh

	Trealamh TF	Trealamh	Troscán	Taispeántais atá ar bun nó atá á dtógáil	Iomlán
	€	€	€	€	€
Costas					
Amhail an 1 Eanáir	957,744	1,243,163	910,802	1,496,015	4,607,724
Breiseanna	33,007	20,452	-	-	53,459
Diúscairtí	-	(258,340)	(101,302)	-	(359,642)
Amhail an 31 Nollaig	990,751	1,005,275	809,500	1,496,015	4,301,541

Dímheas

Amhail an 1 Eanáir	914,665	1,118,278	810,957	952,009	3,795,909
Diúscairtí	-	(258,340)	(86,138)	-	(344,478)
Muirear don bhliain	18,921	38,632	13,398	272,003	342,954
Amhail an 31 Nollaig	933,586	898,570	738,217	1,224,012	3,794,385

Glanluach de réir na Leabhar

Amhail an 1 Eanáir	43,079	124,885	99,845	544,006	811,815
Glanghluaiseacht don bhliain	14,086	(18,180)	(28,562)	(272,003)	(304,659)
Amhail an 31 Nollaig	57,165	106,705	71,283	272,003	507,156

(a) Nóta Ginearálta Eolais

Mar chuid de chostas agus luacháil i dtús agus i ndeireadh na bliana cuimsítear sócmhainní a fuarthas ar phraghas níos lú ná €10,000 roimh an 1 Eanáir 2022.

(b) Taispeántais atá ar bun nó atá á dtógáil

Maidir leis an iarmhéid a bhaineann le taispeántais atá ar bun nó atá á dtógáil ar an 31 Nollaig 2022, baineann sé sin le taispeántas Seamus Heaney a seoladh an 4 Iúil 2018. Comhthionscadal é seo idir Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, an Roinn Turasoireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán agus Banc na hÉireann. Tá an taispeántas le feiceáil in Ionad Cultúir agus Oidhreachta Bhanc na hÉireann i bhFaiche an Choláiste agus tá sé le bheith ar bun go dtí mí na Nollag 2023. Meastar gur enáid glanluach na sócmhainní seo ar theacht chun deiridh don taispeántas. Ní mhairfidh an taispeántas ach seal, agus déantar sócmhainní gaolmhara a dhímheas thar a saolré mheasta úsáide nó thar shaolré úsáide an taispeántais, cibé ceann acu is giorra.

12. Sócmhainní Oidhreachta

(a) Eolas Ginearálta

I gcomhréir leis an Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997, is leis an Stát gach Bailiúchán sa Leabharlann a ndéanann Bord na Leabharlainne bainistíocht orthu.

- ♦ Is iad príomhfheidhmeanna Bhord na Leabharlainne an t-ábhar leabharlainne i mbailiúchán na Leabharlainne Náisiúnta a chaomhnú, a athchóiriú, a chothabháil agus a mhéadú ar mhaithe leis an bpobal agus taifead ar ábhar leabharlainne maidir le hÉirinn (lena n-áirítear ábhar a bhaineann leis an nGaeilge) a bhunú agus a choimeád; agus chun rochtain éigin a thabhairt do bhaill den phobal ar ábhar a bhaineann le tíortha eile.
- ♦ Tá sé de chumhacht ag Bord Leabharlann Náisiúnta na hÉireann cur le bailiúcháin na Leabharlainne.
- ♦ Ina theannta sin, tá sé de chumhacht ag Bord Leabharlann Náisiúnta na hÉireann ábhar a thabhairt ar iasacht, faoi réir na bhforálacha in Alt 18 (1) den Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997.
- ♦ Ar a bharr sin, tá sé de chumhacht ag Bord Leabharlann Náisiúnta na hÉireann ábhar a chur de láimh, faoi réir na bhforálacha in Alt 18 (2) den Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997.
- ♦ I gcás gach saothar a fhaightear don bhailiúchán a n-íoctar breis agus €5,000 as, déantar iad siúd a mhaoiniú ó leithdháileadh cistithe caipitil na Leabharlainne don bhliain. Déantar saothair a fhaightear a chosnaíonn níos lú ná €5,000 a mhaoiniú ón leithdháileadh reatha maoinithe.

(b) Cineál agus Méid an Bhailiúcháin

Is éard atá sa mhéid atá i seilbh ag an Leabharlann Náisiúnta ná an bailiúchán is cuimsithí d'ábhar doiciméadach na hÉireann ar domhan, ábhar a thugann léargas fiúntach luachmhar ar stair agus ar oidhreacht na hÉireann.

Tá trí shnáithe ghinearálta de bhéim sa bhailiú le feiceáil i struchtúr bainistíochta na Leabharlainne Náisiúnta, agus gach ceann acu mar fhreagracht ar Choimeádaí nó ar Cheann Rannáin, mar seo:

- Bailiúcháin Speisialta
- Bailiúcháin Fhoilsithe
- Bailiúcháin Dhigiteacha.

Bailiúcháin Speisialta

Is éard atá sna Bailiúcháin Speisialta ábhar atá neamhchoitianta agus uathúil, cuir i gcás lámhscríbhinní, grianghraif, priontaí, líníochtaí, earraí inbhailithe, leabhair uathúla agus seanleabhair, léarscáileanna agus ceol clóite. Tá na milliúin de mhíreanna ann, mar shampla, 4.5 mír i mbailiúcháin na grianghrafadóireachta agus corradh le milliún mír i mbailiúcháin na lámhscríbhinní.

Bailiúcháin Fhoilsithe

Is éard atá sna Bailiúcháin Fhoilsithe leabhair nua agus nua-aimseartha, nuachtáin agus tréimhseacháin. Ar cheann de na bailiúcháin is tábhachtaí as na Bailiúcháin Fhoilsithe tá Bailiúchán na Taisce Dlíthiúla, áit a bhfuil an t-ábhar ar fad – nuachtáin agus irisí a foilsíodh in Éirinn – a fuarthas faoi na forálacha um an Taisce Dhlíthiúil san Acht Cópchirt agus Ceart Gaolmhar, 2000 (arna leasú).

Bailiúcháin Dhigiteacha

Is é atá sna Bailiúcháin Dhigiteacha réada digiteacha arna gcruthú ag an Leabharlann Náisiúnta mar thoradh ar dhigitiú an ábhair ó na Bailiúcháin Speisialta agus Bailiúcháin Fhoilsithe (sócmhainní nua) mar aon leis na míreanna a dtugtar ábhar “Digitghinte” orthu, ábhar mar láithreáin ghréasáin nárbh ann dóibh riamh seachas i bhformáid dhigiteach.

(c) Fáil Saothar

Tá sé de chumhacht ag Bord na Leabharlainne Náisiúnta cur le bailiúcháin na Leabharlainne Náisiúnta. Faightear ábhar ar thrí bhealach: taisce dhlíthiúil, bronnadh agus ceannach.

Taisce Dhlíthiúil

Foráil reachtúil atá sa taisce dhlíthiúil a chuireann iallach ar fhoilsitheoirí cóipeanna dá bhfoilseacháin a thaisceadh i leabharlanna áirithe, i dtír a bhfoilsithe, de ghnáth. Tá an fhoráil reachtúil maidir le taisce dhlíthiúil i bPoblacht na hÉireann leagtha amach san Acht Cópchirt agus Ceart Gaolmhar, 2000 (arna leasú).

Bronnadh

Bronntar ábhar tábhachtach ar an Leabharlann Náisiúnta gach bliain lena chur leis na bailiúcháin. Déantar bronntanais a mheas bunaithe ar na critéir i mBeartas na Leabharlainne Náisiúnta um Fhorbairt na mBailiúcháin.

I gcásanna áirithe, faoi mar dá bhforáiltear faoi alt 1003 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997, féadtar faoiseamh cánach a thabhairt do dheontóirí as réada oidhreachta a bhronnadh ar an Leabharlann Náisiúnta. Bheadh faoiseamh den chineál sin i gceist le bronntanais nó “réada oidhreachta” mar chartlanna, lámhscríbhinní agus priontaí i gcás gur fiú níos mó ná €150,000 luach na nithe a bhronntar.

Ceannach

Úsáidtear buiséad na Leabharlainne Náisiúnta le saothair a fháil agus forbairt bhreise a dhéanamh ar bhailiúcháin na Leabharlainne, bíodh sé sin mar thoradh ar cheannach go díreach nó ceant. Nuair a dhéantar cinntí chun ábhar seanda agus réadaí uathúla oidhreachta a cheannach, déantar iad sin i gcomhréir leis na critéir atá leagtha amach i mBeartas na Leabharlainne Náisiúnta um Fhorbairt na mBailiúcháin. I gcás foilseacháin reatha agus nua ar díol spéise in Éirinn iad ach nach bhfaightear iad de réir taisce dhlíthiúil, déantar a leithéid a cheannach mar chuid den ghnáthchleachtas.

(d) Caomhnú

Tá an Rannóg Caomhnaithe ag obair ar mhaithe le bailiúcháin Leabharlann Náisiúnta na hÉireann a chaomhnú agus a choinneáil slán. Go ginearálta, ní dhéantar bail réada a fheabhsú mar thoradh ar bhearta cosanta. Is éard a bhaintear amach ná go n-úsáidtear modhanna éighníomhacha chun moill a chur leis an díghrádú agus chun damáiste a chosc. Mar mhalairt, is é is aidhm don chaomhnú go mairfidh na bailiúcháin níos faide agus iad níos inrochtana. Úsáidtear cóireálacha mar idirghabhálacha trína gcuirtear feabhas ar bhail fhisiciúil, cheimiceach agus, go minic, féachana na míre.

Taobh leis an obair a dhéanann siad chun réada neamhchoitianta agus uathúla a chaomhnú, bíonn na caomhnóirí ag obair ar réimse leathan beart chun laghdú a bhaint amach ar an mbaol go ndéanfar damáiste do na bailiúcháin. Samplaí de na gníomhaíochtaí sin: tacaíocht a thabhairt do bhaill foirne agus oiliúint a chur orthu i ngach gné de chúram agus bainistiú na mbailiúcháin, lena n-áirítear láimhsiú, measúnú ar bhail, suirbhéireacht, athlonnú agus réada a chur i mboscaí cuí. Chomh maith leis sin, déanann caomhnóirí réada a ullmhú sula ndéantar iad a chur ar taispeáint, a dhigitiú agus a thabhairt ar iasacht lena gcur i dtaispeántas.

(e) Ábhar a chur de láimh

Ar a bharr sin, tá sé de chumhacht ag Bord na Leabharlainne Náisiúnta ábhar a chur de láimh, faoi réir na bhforálacha in Alt 18 (2) den Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997. Ní chuireann an Leabharlann Náisiúnta ábhar ó na bailiúcháin de láimh de ghnáth.

(f) Anailís ar na Saothair a Fhaightear

Mar atá leagtha amach sna Beartais Chuntasaíochta (Nóta 1, (h)), aithníonn an Leabharlann Náisiúnta na Sócmhainní Oidhreachta ar fad (a bhfuil luach aonair níos mó ná €5,000 ag baint leo) a ceannaíodh nó a fuarthas ó bhí 2005 ann. Déantar sócmhainní den sórt sin a thabhairt ar aghaidh ar costas agus déantar coigeartú don bhearnú nuair is gá. Tá na hidirbhearta a bhaineann le 2022 agus leis na ceithre thréimhse chuntasaíochta roimhe seo leagtha amach thíos.

	Lámhscríbhinní	Digiteach	Íomhánna	Clóite	Iomlán
	€	€	€	€	€
Costas nó Luacháil:					
Amhail an 1 Eanáir	20,068,305	3,301,235	3,018,164	1,734,306	28,122,010
Ceannacháin	161,671	75,834	19,680	30,057	287,242
Ábhair a Bronnadh	6,000	-	42,000	-	48,000
Amhail an 31 Nollaig	20,235,976	3,377,069	3,079,844	1,764,363	28,457,252

g) Achoimre Airgeadais Cúig Bliana ar Idirbhearta a bhaineann le Sócmhainní Oidhreachta

	2022	2021	2020	2019	2018
	€	€	€	€	€
Breiseanna					
Lámhscríbhinní	167,671	872,793	696,949	1,156,576	2,505,129
Digiteach	75,834	80,026	94,631	91,484	120,407
Íomhánna	61,680	88,300	-	-	-
Clóite	30,057	10,565	30,482	6,086	-
	335,242	1,051,684	822,062	1,254,146	2,625,536

13. Infháiltais

	2022	2021
	€	€
Réamhíocaíochtaí	144,579	127,727
Ioncam Fabhráithe (Nóta 2)	29,792	14,501
Féichiúnaithe	243,472	272,840
	417,843	415,068

14. Suimeanna iníochta

	2022	2021
	€	€
Fabhrúithe agus Ioncam Iarchurtha	367,518	489,751
Cánachas agus Leas Sóisialta	171,244	179,562
Creidiúnaithe Trádála	199,606	97,073
	738,368	766,386

15. Faisnéis arna nochtadh maidir le Páirtithe Gaolmhara

Féach Nóta 5 mar a dtugtar miondealú ar luach saothair agus sochair a íoctar leis na príomhpháirtithe bainistíochta.

Glacann an Leabharlann Náisiúnta nósanna imeachta de réir na dtreoirilínte arna n-eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe lena gclúdaítear leasanna pearsanta chomhaltaí an Bhoird. I ngnáthchúrsa an ghnó, féadfaidh an Leabharlann Náisiúnta deontais a fhorghas nó dul isteach i socruithe conarthacha eile le heintitis a bhfuil comhaltaí de Bhord na Leabharlainne Náisiúnta fostaithe iontu ná a bhfuil leas eile ag comhaltaí iontu.

Bunaíodh Iontaobhas Leabharlann Náisiúnta na hÉireann (an tIontaobhas), cuideachta faoi theorainn ráthaíochta gan scairchaipiteal, chun cuidiú a thabhairt le Leabharlann Náisiúnta na hÉireann a fhorbairt agus le leabhair chlóite, lámhscríbhinní agus ábhar eile a fháil ar saothar le daoine Éireannacha iad nó a bhaineann le hÉirinn. Páirtithe gaolmhara atá sa Leabharlann Náisiúnta agus san Iontaobhas ós rud é go bhfuil bunús na nIontaobhaithe ina gcomhaltaí reatha de Bhord nó foireann bainistíochta na Leabharlainne Náisiúnta. Feidhmíonn Leabharlann Náisiúnta na hÉireann rialú ar Iontaobhas Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.

Déanann an tIontaobhas ráitis bhliantúla airgeadais a ullmhú a ndéanann gnólacht iniúchóirí tráchtála iad a iniúchadh. Is don bhliain dar chríoch an 30 Aibreán 2022 atá na ráitis airgeadais is deireanaí a bhfuil fáil orthu agus tá taifead déanta iontu ar chaiteachas de €5,295 (2021: €5,727); ioncam de €nád (2021: €13,256); agus cúlchistí ioncaim/glansócmhainní coinnithe ar dheireadh bliana de €464,894 (2021: €470,189). Ní dhearnadh aon idirbhearta idir an tIontaobhas agus an Leabharlann Náisiúnta in 2022.

16. Faisnéis Chomparáideach

Táthar tar éis figiúirí comparáideacha áirithe a athghrúpáil agus a athaicmiú ar an mbonn céanna leis na cinn don bhliain reatha.

17. Dlíteanais Theagmhasacha

Tá Leabharlann Náisiúnta na hÉireann páirteach in éileamh chun díobháil phearsanta a ghnóthú atá á láimhseáil ag an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát. Tá suim airgid curtha ar fáil mar chuid de na Fabhrúithe agus den Ioncam Iarchurtha i Nóta 14 i dtaca leis an éileamh seo. Níl aon sonraí eile á gcur ar fáil mar iarracht gan dochar dáiríre a dhéanamh do staid Leabharlann Náisiúnta na hÉireann san éileamh lean mbaineann.

18. Teagmhais tar éis na Tréimhse Tuairiscithe

Níor tharla aon teagmhais idir dáta an tuairiscithe agus an dáta ar faomhadh na ráitis airgeadais seo lena n-eisiúint lena n-éilítear coigeartú a dhéanamh ar na ráitis airgeadais.

D'éirigh an Stiúrthóir Gníomhach, Katherine McSharry, as NLI in Eanáir 2023. Ceapadh an Dr. Audrey Whitty mar Stiúrthóir ar Leabharlann Náisiúnta na hÉireann le héifeacht ón 7 Feabhra 2023.

19. Faomhadh na Ráiteas Airgeadais





Rinne Bord Leabharlann Náisiúnta na hÉireann na ráitis airgeadais a fhorghas ar an 29 Meitheamh 2023.



Is í Leabharlann Náisiúnta na hÉireann (NLI) leabharlann taifid na hÉireann. Bunaíodh an leabharlann sa bhliain 1877 agus bainimid leas as na bailiúcháin faoi leith atá againn le scéal na hÉireann a chur os comhair an phobail ar fud an domhain. Tá breis agus dhá mhilliún mír déag faoinár gcúram, lena n-áirítear leabhair, lámhscríbhinní, nuachtáin, grianghraif, priontaí, léarscáileanna, léaráidí, earraí inbhailithe, ceol agus meáin dhigiteacha. Bíonn an leabharlann ar oscailt, saor ó tháille, dóibh siúd ar mian leo féachaint ar na bailiúcháin.

Is iad na cúig thosaíocht straitéiseacha atá ag Leabharlann Náisiúnta na hÉireann don tréimhse 2022-2026 ná bailiú, cosaint, nochtadh, rannpháirteachas agus nuáil.

Tá eolas breise ar fáil ar www.nli.ie

Is féidir NLI a leanúint ar    



*Leabharlann
Náisiúnta
na hÉireann*

National Library
of Ireland